

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2003

Clár

Ráiteas Mísín	2
Brollach leis an Aire	4
Ráiteas ón Ard-Rúnaí	5
Eochairstaitisticí Oideachais	7
Príomhfhorbairtí in 2003	12
Spríoc Ardleibhéil – Aghaidh a thabhairt ar riachtanais an duine	12
Cuirfimid oideachas ar fáil a bhaineann le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúir agus eacnamaíochas an duine.	
Spríoc Ardleibhéil – Tacaíocht a thabhairt do Shochaí Uilechuimsitheach	19
Tabharfaimid tacaíocht, tríd an oideachas, do shochaí uilechuimsitheach shóisialta ina mbeidh deiseanna comhionanna ag cách.	
Fócas-Alt – Soláthar do Chiontóirí Óga	31
Spríoc Ardleibhéil – Cur le Rathúnas Eacnamaíoch	33
Cuirfimid le rathúnas, forbairt agus iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann ó thaobh an gheilleagair de.	
Fócas-Alt – Eolaíocht sna Scoileanna	38
Spríoc Ardleibhéil – Caighdeán agus Cáilíocht a Fheabhsú	40
Beidh sé mar aidhm againn feabhas a chur ar chaighdeán agus cáilíocht an oideachais agus dea-chleachtas a chur chun cinn i seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus ionaid eile oideachais.	
Spríoc Ardleibhéil – Forbairt ar ár gCumas an Beart a Dhéanamh	45
Tacóimid le tabhairt i gcrích an oideachais trí ardchaighdeán pleanála, foirmiú beartas agus seirbhíse do chustaiméirí.	
Aguisín 1 – Cairt Eagraíochtúil don Roinn	
Aguisín 2 – Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne	
Aguisín 3 – Mionsonraí Teagmhála	

Ráiteas Misin

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ná ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil

- a chuirfidh ar chumas daoine aonair a n-achmhainn iomlán a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhaill den tsochaí, agus
- a chuideoidh le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

Spriocanna Ardleibhéil

Ar mhaithe leis an misean seo, tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Cuirfidh oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha an duine aonair.
2. Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí uilechuimsitheach shóisialta agus le comhionannas deiseanna do gach duine.
3. Cuidéimid le rathúnas eacnamaíoch, le forbairt agus le hiomaíocht idirnáisiúnta na hÉireann.
4. Beimid ag iarraidh caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus cuirfidh na cleachtais is fearr ar fáil sna seomraí ranga, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.
5. Tacóimid le soláthar oideachais trí ardchaighdeán i bpleanáil, i gceapadh beartais agus i seirbhísí do chustaiméirí.

2

Gníomhaíochtaí

An mhandáid atá againn: I dtaca leis na spriocanna ardleibhéil seo, tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú beartais
- Dearbhú cáilíochta
- Leithdháileadh acmhainní daonna agus airgeadais
- Pleanáil agus soláthar an bhonneagair oideachais
- Oideachas a threisiú trí chomhoibriú

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Tuarascáil Bhliantúil 2003

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Guthán: (01) 889 6400
Láithreán Gréasáin: www.education.ie
Ríomhphost: info@education.gov.ie

Brollach leis an Aire



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2003 a fhoilsiú. Is í seo an chéad tuarascáil a thugann sonraí go díreach ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na spriocanna ardleibhéil agus na straitéisí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2003-2005 a bhaint amach.

Mar gheall go léiríonn staitisticí comparáideacha idirnáisiúnta go dtéann an riosca a bhaineann le bochtaineacht agus leibhéal na gnóthachtála oideachais lámh ar lámh lena chéile, is é an tosaíocht atá againn ná dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Tugadh tacaíocht dár dtiomantas do pháirtíocht agus do ghnóthachtáil, ag gach leibhéal, mar gheall ar sheoladh na Seirbhíse nua Náisiúnta Leasa Oideachais a chuirfidh tinreamh rialta ar scoil chun cinn chun déileáil leis na fadhbanna a bhaineann le neamhláithreachtaí agus luathfhágáil scoile.

Leanann dul chun cinn ar an bPáipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Fásta - *Foghlaim don Saol* leis an soláthar d'áiteanna breise do dhaoine fásta ar chlár oideachas pobail agus litearthacht aosach. Thugamar isteach réimse bearta spriocdhírthe chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste sa tríú leibhéal. Is é an dúshlán atá os ar gcomhair ar fad ná na bacainní ar pháirt iomlán a ghlacadh sa chóras oideachais a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Téama lárnach in 2003 is ea trédhearcacht fheabhsaithe. Bhí leithdháileadh múinteoirí i bhfeidhm ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal le próisis neamhspleácha achomhairc, faoinar féidir le húdaráis bhainistíochta na scoile cinntí i ndáil lena leithdháileadh foirne don bhliain a achomharc. Bunaíodh Bord neamhspleách Achomhairc maidir le Córas Iompair Scoile agus den chéad uair, foilsíodh an Clár Tógála Bunscoile ar mhaithe le rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú.

Léiríonn an tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Tá dúshlán fós ann maidir lenár straitéisí a sheachadadh agus na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta a thabhairt i gcrích. Leis an tacaíocht leanúnach a fhaighimid ónár gComhpháirtithe san Oideachas agus ón tiomantas agus díograis a fhaighimid ó fhoireann na Roinne, creidim go mbeimid in ann oibriú i dtreo córas oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar do gach duine.

Nollaig Ó Díomasaigh T.D.,

An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2003 na Roinne Oideachais & Eolaíochta a chur i láthair.

Is é an aidhm atá leis an tuarascáil seo ná na príomhfhorbairtí i ngach leibhéal oideachais agus gnóthachtálacha na Roinne in 2003 a chur i láthair agus tagairt á déanamh do na cuspóirí agus na straitéisí a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2003-2005. Tá an Roinn uathúil i dtéarmaí raon agus scóip na seirbhísí a chuireann sí ar fáil do réimse leathan agus éagsúil custaiméirí.

Ba bhliain í 2003 ar bhain dúshlán léi ar roinnt bealaí. Leanadh ar aghaidh leis an gclár um athchóiriú struchtúrach a chur i bhfeidhm laistigh den Roinn agus, den chéad uair riamh, tugadh freagracht don Choimisiún um Scrúduithe Stáit as scrúduithe. Bunaíodh roinnt oifigí réigiúnacha in 2003 agus tá an chuid eile acu sceidealta do 2004. Cuideoidh an clár um athchóiriú struchtúrach seo linn díriú níos fearr ar ár bpríomhobair, lena n-áirítear beartais straitéiseacha a fhoirmlíú agus meastóirínú.

Beidh athstruchtúrá breise le déanamh ag an Roinn mar gheall ar chinneadh an Rialtais leanúint ar aghaidh le clár an dílárúcháin. Athlonnóidh an Roinn seo ar fad, mar aon le roinnt comhlachtaí faoina cúram go lár na tíre, agus beidh Ceann-Oifig nua na Roinne sa Mhuileann gCearr. Tá an Coiste Comhairleach Bainistíochta tiomanta go hiomlán do chinntiú go gcuirfear pleananna dílárúcháin na Roinne seo i bhfeidhm chomh héasca agus is féidir.

Ar deireadh, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le foireann na Roinne as a ndúthracht agus a dtiomantas agus iad ag oibriú i dtreo na spriocanna a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach.

Seán Ó Duinneacha.

Seán Ó Duinneacha

An tArd-Rúnaí



AN tOIRN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS EDLÁOCHTA | AND SCIENCE

Eochairstaitisticí Oideachais

Timpeallacht luaineach an oideachais



Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil oideachas ríthábhachtach ó thaobh rath eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta. Tá soláthar oiliúna agus oideachais ar ardchaighdeán lárnach do gheilleagar nuálaíochta, eolasbhunaithe agus d'ardscileanna a chruthú, a thabharfaidh tacaíocht do rathúnas inmharthana agus leanúnach. Tá oideachas agus oiliúint ríthábhachtach maidir le sochaí uilechuimsitheach a bhaint amach ina mbeidh an deis agus an spreagadh ag gach saoránach páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta agus eacnamaíoch na tíre.

Déimeagrafaic ag athrú

Idir 1979/80 agus 2002/2003 d'fhan líon iomlán na mac léinn mar a chéile ach tháinig athrú ollmhór ar

líon na mac léinn ag gach leibhéal. Ag an mbunleibhéal, laghdaigh an líon 19 faoin gcéad, rud a léirigh an t-athrú déimeagrafach in Éirinn. Ag an dara leibhéal, mhéadaigh an líon 16 faoin gcéad rud a léirigh an ráta níos airde ag freastal ar oideachas iar-éigeantach, agus ag an tríú leibhéal tháinig méadú trí huairé ar an líon ó bheagnach 37,000 go dtí níos mó ná 129,000.


Ag an mbunleibhéal, laghdaigh líon na mac léinn suas go 2000/2001 agus mhéadaigh sé arís gach bliain ó shin. Bunaithe ar na sonraí breithe is déanaí, meastar go leanfaidh an méadú seo ar aghaidh ar feadh 13 bliana ar a laghad agus d'fhéadfadh an líon a bheith chomh hard leis an líon do 1979/80 ag deireadh na tréimhse seo.



Ag an dara leibhéal, mhéadaigh líon na mac léinn suas go 1996/97 agus laghdaigh sé arís ó shin. Meastar go leanfaidh an laghdú seo ar aghaidh go 2007/08 ach go dtarlóidh méadú arís ina dhiaidh sin, de réir an mhéadaithe ar líon na mac léinn ag an mbunleibhéal.

Ag an tríú leibhéal, tá líon na mac léinn ag ardú go seasta agus meastar go leanfaidh sé seo ar aghaidh go ceann tamaill ar aon chaoi.

Clárú Lánaimseartha Iomlán de réir Leibhéil (maoinithe)




SCOILBHIAIN	1979/80	1989/90	1999/00	2000/01	2001/02	2002/03
LÍON NA MAC LÉINN LÁNAIMSEARHA						
AN BUNLEIBHÉAL	547,431	552,182	444,310	439,560	441,065	443,720
AN DARA LEIBHÉAL	292,280	339,132	353,860	345,384	340,078	339,231
AN TRÍÚ LEIBHÉAL	37,425	64,137	115,696	119,991	124,589	129,283

Gnóthachtáil Oideachais an Daonra – Comparáidí Idirnáisiúnta

Bunaithe ar chomparáid idir 15 bhallstát den AE (na 15 ar an meán san AE), léiríonn comparáid idirnáisiúnta go bhfuil an méid daoine in Éirinn a bhfuil gnóthachtáil tríú leibhéal faighte acu níos airde ná na 15 ar an meán san AE i ngach aoisghrúpa.

Seachas an t-aoisghrúpa is óige, tá an méid daoine a bhfuil an Ardteistiméireacht nó a combhionann faighte acu níos ísle ná na 15 ar an meán san AE. Tá an tionchar a bhí ag oideachas dara leibhéal saor in aisce ag deireadh na 1960idí le feiceáil sa sciar daoine a bhfuil Ardteistiméireacht, nó níos fearr acu, san aoisghrúpa níos óige seo, agus tá an sciar sin ag méadú.

Gnóthachtáil Oideachasúil an daonra san aoisghrúpa 25-34, 2002 (%)




	15* - AE	An Bheilg	An Danmhairg	An Ghearmáin	An Ghréig	An Spáinn	An Fhrainc	ÉIRE	An Iodáil	Lucsamburg	An Isiltír	An Ostair	An Phortaingéil	An Fhionlainn	An tSualainn	An Ríocht/Aontaithe
25-64																
Íseal	38	40	20	17	47	58	36	40	56	38	32	22	79	25	19	-
Meán	41	32	53	61	35	17	41	35	34	43	43	61	11	42	55	-
Ard	21	28	27	22	18	24	24	25	10	19	25	17	9	32	26	29
25-34																
Íseal	28	24	15	15	26	41	22	23	40	32	23	15	65	12	9	-
Meán	47	40	55	64	51	22	43	41	47	46	49	68	20	49	61	-
Ard	26	36	31	21	23	37	35	36	12	23	28	17	16	38	31	34
55-64																
Íseal	53	59	28	23	71	82	54	63	77	49	46	33	92	47	33	-
Meán	33	22	49	58	19	7	32	22	17	36	35	54	4	29	44	-
Ard	14	18	23	19	10	11	15	14	7	14	20	13	5	24	23	23

Rátaí i mbaol Bochtaineachta de réir Gnóthachtáil Oideachais is Airde, 2000

Léiríonn an tábla seo go dtéann an riosca a bhaineann le bochtaineacht agus leibhéal na gnóthachtála oideachais lámh ar lámh lena chéile i mbeagnach gach tír atá léirithe. Tá riosca níos airde ag duine a bheith bocht má tá a g(h)nóthachtáil oideachais íseal. Is in Éirinn atá an dara difríocht is airde sa riosca a bhaineann le bochtaineacht eatarthu siúd a bhfuil gnóthachtáil íseal oideachais (níos lú ná dara leibhéal uasta) acu agus gnóthachtáil oideachais ard (tríú leibhéal).

I mbaol bochtaineachta de réir gnóthachtáil oideachais is airde, 2000






	15* - AE	An Bheilg	An Danmhairg	An Ghearmáin	An Ghréig	An Spáinn	An Fhrainc	ÉIRE	An Iodáil	Lucsamburg	An Isiltír	An Ostair	An Phortaingéil	An Fhionlainn	An tSualainn	An Ríocht Aontaithe
Íseal	19	22	21	16	31	23	17	27	21	15	10	18	23	16	11	23
Meán	11	10	11	10	13	13	9	10	12	8	11	9	8	13	8	14
Ard	7	4	4	5	4	7	8	4	7	2	3	7	2	5	10	11

Oideachas agus Caiteachas Gaolmhar 2003

Cuireadh €5.7 billiún ar fáil don earnáil oideachais in 2003. Is i gcomhair trí chlár mhóra oideachais atá an maoiniú seo go príomha: An Bunleibhéal, an Dara Leibhéal agus an Tríú Leibhéal. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt clár eile atá níos lú agus nach mbaineann le seirbhísí scoile - imeachtaí cultúir agus imeachtaí don óige iad seo den chuid is mó.

Sonraíonn na táblaí seo a leanas caiteachas de réir príomhchlár caiteachais.



Príomhfhorbairtí in 2003

Spríoc Ardleibhéil Aghaidh a Thabhairt ar Riachtanais an Duine

Cuirfimid oideachas ar fáil a bhaineann le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúir agus eacnamaíocha an duine.



Cuspóir 1.1

Tabharfaimid tacaíocht d'oideachas luathóige ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a sholáthar de réir na straitéise atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luathóige, "Ready To Learn".

Leagann an Páipéar Bán ar Oideachas Luathóige "Ready to Learn" amach beartas an Rialtais maidir le gach saincheist a bhaineann le luathoideachas. Is é an príomhaidhm ná tacaíocht a thabhairt do ghnóthachtáil oideachais agus forbairt na leanaí trí luathoideachas ar ardchaighdeán, agus ar leith ar na spriocghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd a bhfuil nais speisialta acu. Chuaigh obair ar aghaidh in 2003 i dtreo chreat náisiúnta cáilíochta a bhunú don oideachas luathóige, lena n-áirítear córas rialála ar dhearbhu cáilíochta.

Forbairt Beartas

D'oibrigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas Luathóige (CECDE) le chéile go dlúth

chun an doiciméad comhairliúcháin creata *I dtreo Creata don Luathfhoghlaim* a fhorbairt. Tabharfaidh an NCCA an creat chun críche nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin críochnaithe.

An Clár Tús Luath

Is éard atá i gceist leis an gclár idirghabhála réamhscoile Tús Luath ná clár do leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois, ó limistéir lena mbaineann míbhuntáiste sóisialta. Leis an gclár seo, is féidir le leanaí óga taithí a fháil ar chlár oideachais, a chuirfeadh lena bhforbairt iomlán le nach dteipfeadh orthu ar scoil agus a chuirfeadh in aghaidh an mhíbhuntáiste sóisialta.

Líon scoileanna	Líon na ndaltaí	Caiteachas 2003
40 schools	1680	€1.98m*

* Ní áirítear tuarastail san fhiigiúr seo



Cuspóir 1.2

Cuirfimid ar chumas scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal oideachas ar ardchaighdeán a sholáthar trí réimse cuimsitheach tacaí, lena n-áirítear tacaí airgeadais, foirne agus curaclaim.

Tacaíocht chun Scoileanna a Fheidhmiú

Soláthar Bunmhúinteoirí

Glacadh le 1,460 duine san iomlán sna Coláistí Oideachais do bhunmhúinteoirí in 2003. Bhí 1,000 mac léinn ar an gcúrsa fochéime 3 bliana agus 460 mac léinn ar an gcúrsa iarchéime 18 mí, a thosaigh i mí Feabhra 2003. 500 mac léinn a glacadh sa bhliain 1996. San iomlán, bhí 3,921 mac léinn sna coláistí in 2003.

Thug HETAC aitheantas do chúrsa oiliúna nua bunmhúinteoireachta do chéimithe i mí Lúnasa 2003. Tá an cúrsa á reáchtáil ag Coláiste Hibernia agus beidh Dioplóma Iarchéime sa Bhunoideachas le bronnadh ag a dheireadh.

Bhí 25,575 post múinteoireachta i mbunscoileanna i Nollaig 2003. Ba é an cóimheas réamh-mheasta múinteoirí in aghaidh daltaí don scoilbhliain 2003/04 ná 17.35:1 (Líon iomlán daltaí: múinteoirí)

Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)

Caithfidh bunmhúinteoirí, a bhfuil cáilíochtaí aitheanta faighte taobh amuigh den Stát acu, an SCG a dhéanamh más mian leo aitheantas a fháil mar mhúinteoir i ranganna príomhshrutha. Tionóltar na scrúduithe faoi dhó sa bhliain – i mí an Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair. Athbhreithníodh an siollabas in 2003 agus rinne os cionn 300 duine ceann amháin nó níos mó de na ceithre mhodúl a bhí ar fáil. Caithfidh iarrthóirí pas a bhaint amach sna ceithre mhodúl taobh istigh de chúig bliana ón uair a thugtar aitheantas sealadach. Caithfidh iarrthóirí freastal ar chúrsa faofa Gaeltachta trí seachtaine.

Bord Achomharc don Fhoireann Bunscoile

Eisítear leithdháiltí foirne do Bhunscoileanna go hiondúil i mí an Mheithimh agus bíonn siad bunaithe ar an méid daltaí a cláraíodh i mí Mheán Fómhair roimhe sin. Féadfaidh Boird Bhainistíochta a leithdháiltí acmhainní teagaisc a achomharc chun an Bhoird Achomharc don Fhoireann Bunscoile, a bunaíodh in 2003. Bhí 110 cás ann in 2003. Deonaíodh acmhainní breise múinteoireachta in ocht gcinn de na cásanna sin.

Achomhairc Chreidiúint Incriminteach Bunscoileanna:

Féadfar seirbhís neamh-mhúinteoireachta leis an AE a aithint má chomhlíonann sí na critéir seo a leanas:

- á déanamh ar luach saothair
- lánaimseartha
- sásúil agus
- ag baint le múinteoireacht bhunscoile

Féadfaidh múinteoirí achomharc a chur faoi bhráid Bord neamhspleách Achomharc. Rinneadh sé achomharc in 2003 agus rinneadh creidiúint incriminteach a dhámhachtain i dtrí chás acu sin.

Soláthar Múinteoirí Dara Leibhéal

Bhí 25,645 múinteoir lánaimseartha nó a gcomhionann (comhionann le poist lánaimseartha teagaisc) sa chóras dara leibhéal sa scoilbhliain 2003/04. Is é an cóimheas daltaí le múinteoirí san earnáil seo ná 13.48: 1 (Líon iomlán daltaí : múinteoirí)

Is cúrsa lánaimseartha aon bhliana é an tArd-Diplóma san Oideachas ina bhfaightear an cháilíocht chun teagasc i meánscoileanna. Tá thart ar 1,100 áit ar fáil gach bliain ar chúrsaí Ard-Diplóma san Oideachas.

Nósanna Imeachta Achomhairc le haghaidh Leithdháileadh Múinteoirí Dara Leibhéal

Tháinig fóram neamhspleách chun breithiúnas a dhéanamh ar achomhairc leithdháileadh múinteoirí a rinne scoileanna dara leibhéal le chéile, den chéad uair i mí na Bealtaine 2003. Déanann an fóram achomharc cinneadh ar achomhairc d'acmhainní breise teagaisc, i gcás go bhfuil fadhbanna áirithe ag scoileanna, ó thaobh dualgais riachtanacha curaclaim a chomhlíonadh. Bhí 143 cás ann in 2003. Deonaíodh acmhainní breise múinteoireachta i 102 cás.

Achomhairc Chreidiúint Incriminteach Iar-bhunscoileanna

Féadfar creidiúint incriminteach a dhámhachtain i ndáil le haon taithí teagaisc roimhe sin agus seirbhís chuí nach mbaineann le teagasc do mhúinteoirí cáilithe, aitheanta san earnáil dara leibhéal. Leathnaíodh an scéim in 2003 chun an méid seo a leanas a áireamh:

- Gach seirbhís cheadaithe a tugadh i scoileanna/coláistí comhionanna san Aontas Eorpach
- Seirbhís cheadaithe i mbunscoileanna agus i gcoláistí tríú leibhéal

- Creidiúint a dhámhachtain i ndáil le tréimhse teagaisc, seirbhís teagaisc agus seirbhís chuí ach nach teagasc do mhúinteoirí páirtaimseartha incháilithe ar an mbonn céanna le múinteoirí lánaimseartha.

Féadfaidh daoine aonair achomharc a dhéanamh leis an mBord Achomharc um Chreidiúint Incriminteach. Rinneadh 13 achomharc in 2003 agus rinneadh creidiúint incriminteach a dhámhachtain i sé chás acu sin. Tugadh páirt-aitheantas do dhá chás eile.

Córas Achomhairc do Mhic Léinn/do Thuismitheoirí

Tugann *Alt 29 den Acht Oideachais, 1998*, an cead do thuismitheoirí (agus do mhic léinn a bhfuil 18 mbliana slánaithe acu) achomharc a dhéanamh maidir le cinntí áirithe a dhéanann Bord Bainistíochta na scoile.

D'fhéadfaí achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh:

- Mac léinn a chur as scoil go buan
- Mac léinn a chur ar fionraí as scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh an tréimhse chomhionann fionraíochta go dtí 20 lá scoile in aon scoilbhliain amháin
- Diúltú mac léinn a chlárú sa scoil.

Tá trí shraith sna nósanna imeachta faoina ndéantar Achomharc a bhreithniú san Acht:

- Iarrtar ar an dá pháirtí, ar an gcéad dul síos, an cás a réiteach ag an leibhéal áitiúil más féidir
- Má theipeann air sin, agus i gcás go measann an Coiste Achomharc go bhféadfaí comhaontú a éascú idir an t-achomharcóir agus an scoil, ceapfar éascaitheoir chun dul i dteagmháil leis na páirtithe a luaithe agus is féidir
- Ar deireadh, féadfar achomharc a tharchur chuig Coiste Achomharc

Rinneadh 163 achomharc a phróiseáil in 2003; seo a leanas na sonraí

	Tarraingthe siar	Réiteach Áitiúil	Éascaíocht	Glactha ag Éisteacht	Neamhghlactha ag Éisteacht	Iomlán
Iar-Bhunscoil						
Eisiatacht Bhuan	4	1	9	7	13	34
Diúltú clárú	41	0	8	16	9	74
Fionraíocht	1	1	1	2	1	6
Bunscoil						
Eisiatacht Bhuan	0	0	1	0	0	1
Diúltú clárú	13	3	8	18	5	47
Fionraíocht	1	0	0	0	0	1

Boird nua Bhainistíochta a thoghadh do Bhunscoileanna

Comhlacht daoine atá sa Bhord Bainistíochta a bhunaítear chun go mbeidh bunscoil (náisiúnta) á bainistiú le meon comhpháirtíochta, mar a mhínítear le *hAlt 14 den Acht Oideachais, 1998*. Bunaíodh boird nua, a mbeidh téarma oifige 4 bliana acu, le héifeacht ón 1 Nollaig 2003. Feidhmeoidh na Boird seo de réir an leagain leasaithe den Composition and Rules of Procedure a comhaontaíodh leis na Comhpháirtithe Oideachais agus a foilsíodh in 2003.

Forbairtí Curaclaim agus Tacaí Oiliúna

Cuirtear clár náisiúnta ar fáil do mhúinteoirí agus do phearsanra eile sa scoil ina bhfuil oiliúint inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach ag an mbunleibhéal, an dara leibhéal agus an tríú leibhéal agus do thuismitheoirí ag an gcéad agus an dara leibhéal. Tá an príomhfhócas sa chlár seo ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chun curaclaim a leasú, oiliúint oideachais riachtanais speisialta a sholáthar agus clár maidir le míbhuntáiste oideachasúil. Cuirtear an clár ar fáil mar seo a leanas

- Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt do réimsí sonracha den athrú curaclaim den chuid is mó agus ar feadh tréimhse shonrach go hiondúil – múinteoirí ar iasacht a bhíonn ina mbun seo agus déantar iad a riaradh go ginearálta trí Ionaid Tacaíochta Oideachais. Tá roinnt seirbhísí/clár tacaíochta

nach beag ann agus is é an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile an ceann is mó.

- Coláistí oiliúna múinteoirí, ollscoileanna agus gníomhaireachtaí agus institiúidí oideachasúla eile
- Ionaid Tacaíochta Oideachais agus soláthróirí éagsúla cosúil le comhlachtaí foirne agus bainistíochta, cumainn ábhair, cumainn tuismitheoirí agus scoileanna.

Bhí 139,000 rannpháirtí ar chúrsaí in 2003. Thug 83% de na rannpháirtithe le fios go raibh na cúrsaí cabhrach.

Áirítear ar chláir oiliúna:

Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile

Tugann Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile tacaíocht do churaclam bunscoile athbhreithnithe a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe go deireadh na scoilbhliana 2005/06. I ndiaidh uiríoll ó na Comhpháirtithe Oideachais, tugadh isteach “bliain Athbhreithnithe agus Comhdhlúthaithe” do 2003/04 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí sin, chun go bhféadfaí riachtanais amach anseo a bhreithniú agus plean a dhéanamh do ghníomhartha eile.

Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal

Rinneadh an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal a athstruchtúrú in 2003 chun seirbhís tacaíochta amháin a sholáthar do Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh, do Chlár na hIdirbhliana, do Chlár Gairme na hArdteistiméireachta, do Chlár na

hArdteistiméireachta Feidhmí, don Bhéarla, don Fhísic agus Ceimic, don Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil. Tá na cláir seo seanbhunaithe agus leanfar le tacaíocht a thabhairt dóibh trí sheirbhís chomhtháite amháin.

Leanadh ar aghaidh le seirbhísí tacaíochta reatha don Bhitheolaíocht, do Mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus Eacnamaíocht Bhaile i rith 2003.

Bunaíodh seirbhísí nua in 2003 chun tacaíocht a thabhairt do shiollabais nua d'Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh, Stair & Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta agus do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.

Ceanglaíonn an *tAcht Oideachais, 1998* ar scoileanna 'forbairt shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh'. Bhí an curaclam nua d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) sa Teastas Sóisearach tugtha isteach go hiomlán in 2003. Ó Mheán Fómhair 2003, caithfidh gach iar-bhunscóil SPHE a chur san amhlár mar chuid de churacclam croiláir na sraithe sóisearaí. Lean Seirbhís Tacaíochta SPHE d'Iar-bhunscóileanna le tacaíocht a thabhairt do scoileanna ar feadh 2003.

Oiliúint ar Riachtanais Speisialta

Bunaíodh Seirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta in 2003 chun freastal ar na hearnálacha bunscóile agus iar-bhunscóile. Is é aidhm na seirbhíse ná tionscnaimh forbartha gairmiúla éagsúla a chomhdhlúthú, a chomhordú, a fhorbairt agus a sheachadadh agus tugann sí tacaíocht do mhúinteoirí agus do phearsana eile i réimse na riachtanas speisialta.

Ionduchtú do Mhúinteoirí Nuacháilithe

Rinneadh an tionscadal piolótach ionduchtaithe, a bunaíodh in 2002 chun scileanna múinteoirí nuacháilithe a fhorbairt trí thacaíocht mheantóireachta agus ionduchtaithe ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal, a mhéadú in 2003. Bhí 12 mheantóir agus 40 múinteoir an earnáil páirteach sa chéad chéim. Mar gheall gur scaoileadh an tionscadal ar aghaidh bliain eile bhí

cead 12 mheantóir agus 40 múinteoir breise a áireamh ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal.

Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna.

Bunaíodh an clár náisiúnta Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna (LDS) chun ceannaireacht i mbunscóileanna agus i scoileanna dara leibhéal a chur chun cinn. Tá LDS dírithe den chuid is mó ar an gclár Misneach, clár cuimsitheach ionduchtaithe do Phríomhoidí céaduaine. Tá ceithre ghné ag Misneach, a tosaíodh i mí Feabhra 2003:

- Cúrsaí Cónaitheacha
- Meantóireacht a sholáthar
- Cleachtas féinmhachnamhach trí fhorbairt phortfóilió
- Tacaíocht trí mheán na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

Tionscnamh do Phleanáil Forbartha Scoileanna.

Leanadh le hoiliúint inseirbhíse a sholáthar in 2003 ar Phleanáil Forbartha Scoile (SDP) i mbunscóileanna agus scoileanna dara leibhéal trí Sheirbhísí Tacaíochta SDP chun cultúr pleanála forbartha i scoileanna a spreagadh agus a láidriú.

Seirbhís Iompair Scoile

Cuireann an Scéim Iompair Scoile seirbhís ar fáil gach lá den scoilbhliain do thart ar 140,000 dalta, beagnach 9,000 leanbh le riachtanais speisialta ina measc, ar 5,750 bóthar do bhunscóileanna agus iar-bhunscóileanna. Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim ar son na Roinne. Ag an dara leibhéal, cabhraíonn Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais le Bus Éireann trí ghníomhú mar Oifigigh Idirchaidrimh Iompair. Bunaíodh Cabhairlíne Iompar Scoile (1890 200 974) in 2003.

Deontais a íocadh	Caiteachas 2003
€9.6m	€101.7m*

*San fhigiúr seo tá €4.6m do níos mó ná 600 tionlacan agus €4.1m do chostais iompair an lucht siúil agus leanaí le riachtanais speisialta.

Achomhairc i leith Iompar Scoile

Bunaíodh Bord neamhspleách Achomharc maidir le hlompar Scoile in 2003 chun déileáil go díreach le hachomhairc a fhaightear maidir leis an gcóras iompair a chuirtear ar fáil. Déantar achomhairc chuig an mBord Achomhairc maidir le hlompar Scoile chuig Bainisteoir an Chórais Iompair Scoile in Bus Éireann. Caithfidh an t-achomharcóir sonraí a thabhairt faoi na cúiseanna leis an achomharc. Beidh cinneadh an Bhoird críochnaitheach. Rinneadh 15 achomharc in 2003 agus deonaíodh tuilleadh acmhainní iompair i 13 chás acu sin.

Cuspóir 1.3

Déanfaimid tionscnaimh éagsúla atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a acmhainniú agus déanfaimid seirbhís chuimsitheach, éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt a léireoidh an cleachtas idirnáisiúnta ar an mbealach is fearr.

Seirbhís Oideachais Speisialta

Ar an soláthar speisialta oideachasúil do dhaltaí faoi mhíchumas tá raon tacaíochta bhreise i scoileanna príomhshrutha agus tacaíocht speisialaithe i scoileanna speisialta. Tá trí mhúnla soláthair ann:

- Féadfar dalta faoi mhíchumas a chlárú i rang príomhshrutha le tacaíocht bhreise ó mhúinteoir acmhainní nó ó chúntóir riachtanas speisialta
- Féadfar dalta a chlárú i rang speisialta i scoil príomhshrutha
- Féadfar dalta a chlárú i scoil speisialta a fhreastalaíonn ar an gcineál míchumais atá ag an dalta

Tá 108 scoil speisialta ann ina bhfuil thart ar 6,000

dalta. Feidhmíonn scoileanna speisialta ag cóimheas níos lú daltaí le múinteoirí agus faigheann na daltaí rátaí speisialta maoiniúcháin chaipitíochta. Tá os cionn 650 rang speisialta ceangailte le bunscoileanna príomhshrutha. Freastalaíonn thart ar 4,000 dalta ar na ranganna seo.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Bunaíodh an NCSE de bhun an Ordaithe fán gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (Bunú), 2003. Rinneadh an tOrdú faoi *Alt 54 den Acht Oideachais, 1998*. Faoi théarmaí an Ordaithe, ní mór don NCSE tabhairt faoina cuid feidhmeanna ar fad faoi Dheireadh Fómhair 2004. I measc mhórfheidhmeanna na Comhairle beidh taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoideachas leanaí atá faoi mhíchumas. Trí ghrád nua lucht Eagraithe Riachtanais Oideachas Speisialta a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Chomhairle seirbhís dhíreach ar fáil do leanaí, do thuismitheoirí agus do sholáthróirí oideachais.

Soláthar Oideachais Speisialta

Seirbhís na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama

Soláthraíonn an tseirbhís seo cúnaimh do dhaltaí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu, go háirithe i réimse croiláir na litearthachta agus na huimhríochta. Tá treoirínte i bhfeidhm chun cuidiú le scoileanna leas iomlán a bhaint as an tseirbhís seo.

	Lion Múinteoirí	Costas an Chláir in 2003
An Chéad Leibhéal	1,531	€69m
An Dara Leibhéal	548	€24.7m

Seirbhís Múinteoirí Acmhainne

Cuirtear uaireanta agus poist mhúinteoireachta acmhainne ar fáil do dhaltaí a meastar orthu go bhfuil deacrachtaí sonracha foghlama acu de bharr míchumais.

	Lion Múinteoirí	Costas an Chláir in 2003
An Chéad Leibhéal	2,600	€109m
An Dara Leibhéal	970	€43.7m

Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt do Dhaltaí atá faoi Mhíchumas

Tugann Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt tacaíocht do dhaltaí a bhfuil fadhbanna amhairc nó éisteachta acu nó a bhfuil Siondróm Down orthu, sna córais chéad agus dara leibhéal. Clúdaíonn gach múinteoir ar cuairt ceantar tíreolaíoch sa tír.

	Lion Múinteoirí	Costas an Chláir in 2003
An Chéad agus Dara Leibhéal	42	€1.8m*

* gan costas thuarastail na múinteoirí san áireamh

Seirbhís Teagasc Bhaile agus Clár Oideachais Lúil

Is ann don tSeirbhís Teagasc Bhaile chun teagasc cúitimh a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil breoiteacht leighis orthu a chuirfeadh isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, ar bhonn leanúnach.

Baintear úsáid as an scéim freisin chun maoiniú a dhéanamh ar chlár oideachais lúil a bhíonn ar fáil do gach scoil a fhreastalaíonn ar leanaí a bhfuil uathachas orthu agus atá faoi mhíchumas mór/tromchúiseach ginearálta foghlama. Áirítear ar an gclár tacaíochta rátaí speisialta náisiúnta comhaontaithe luach saothair do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta a bhíonn rannpháirteach. Ghlac 53 scoil san iomlán páirt sa chlár in 2003 agus faigheann siad ráta speisialta maoiniúcháin chaipitíochta. Bíonn maoiniú ar fáil freisin chun éascaíocht a dhéanamh do sheirbhísí

iompair scoile agus tionlacain a chur ar fáil do na daltaí. Tá thart ar 1,000 leanbh ag baint leasa as an scéim teagasc bhaile agus baineann costas bliantúil níos mó ná €6.13m leis sin.

Seirbhís Múinteoirí Acmhainne do Dhaltaí ón Lucht Siúil

Is é beartas na Roinne i leith daltaí ón lucht siúil ná gur chóir iad a mhúineadh i dtimpeallacht chomhtháite agus tugtar tacaíocht dó sin i bhfoirm 524 múinteoirí acmhainne don lucht siúil a fheidhmíonn ar chostas bliantúil tuarastail €23.5m.

Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Siúil

Fostaíonn seirbhís na múinteoirí ar cuairt 40 múinteoir ar fud na tíre. Is é aidhm na seirbhíse deis a thabhairt do mhúinteoirí ón lucht siúil, dá gcuid leanaí agus do scoileanna oibriú le chéile chun an rannpháirtíocht is mó a chinntiú sa chóras oideachais i measc an lucht siúil agus ag an am céanna oideachas idirchultúir a chothú do chách. Cosnaíonn seirbhís na múinteoirí ar cuairt €1.8m sa bhliain, meastar.

Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

Ceaptar Cúntóirí Riachtanas Speisialta chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhíonn faoi mhíchumas, a meastar orthu riachtanas suntasach cúraim a bheith acu agus tacaíocht den chineál sin a bheith de dhíth orthu chun páirt a ghlacadh sa chóras oideachais.

	Lion CRS	Costas an Chláir in 2003
An Chéad Leibhéal	5,700	€119m
An Dara Leibhéal	466	€12m

Príomhfhorbairtí in 2003

Spríoc Ardleibhéil Tacaíocht a Thabhairt do Shochaí Uilechuimsitheach

Tabharfaimid tacaíocht, tríd an oideachas, do shochaí uilechuimsitheach shóisialta ina mbeidh deiseanna comhionanna ag cách.



Bhain suntas le dhá imeacht go háirithe in 2003 do raon straitéisí na Roinne a bhíonn dírithe ar chomhionannas rochtana, rannpháirtíocht agus deiseanna a chothú. Ba iad sin an comhaontú comhpháirtíochta sóisialta is déanaí, Dul Chun Cinn a Choinneáil 2003-05 a fhoilsiú agus an Plean Gnímh Náisiúnta i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta 2003-05. Tá an Roinn ag tabhairt faoi roinnt príomhghníomhartha rith thréimhse 2003-05 chun tacú leis an gcomhaontú agus leis an bplean.

Áirítear ar na gníomhartha sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna litearthachta agus uimhríochta i measc leanaí agus aosach mar aon le cur chuige fócasaithe agus comhtháite a chinntiú d'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le daltaí a bheith ag fágáil scoile go luath. Leanfar ar aghaidh ag déanamh forbartha ar dheiseanna foghlama agus oiliúna do dhaoine óga agus d'aoisigh, go háirithe iad sin a bhfuil cónaí orthu i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste, trí chlár cosúil leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas. Tabharfar tuilleadh tacaíochta don oideachas neamhfhoirmiúil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta um Obair Ógra 2003-07 agus feabhsófar an teacht a bhíonn ar ardoideachas tríd an Oifig Náisiúnta um Chomhionannas maidir le Rochtain ar Ardoideachas a bhunú in 2003.

Cuspóir 2.1

Cuideoidimid, tríd an oideachas, le beartas an Rialtais um uilechuimsitheacht shóisialta a chur i ngníomh agus a fhorbairt agus leanfaimid orainn le clár thacaíochta spriocdhírith a chur ar fáil agus a leasú do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó atá ina bhaol sin nó a fhágann an scoil go luath.

Dul i nGleic le Míbhuntáiste Oideachasúil

Léiríonn staitisticí comparáideacha idirnáisiúnta go dtéann an riosca a bhaineann le bochtaineachta agus leibhéal na gnóthachtála oideachais lámh ar lámh lena chéile. Tá na spriocanna seo a leanas sa Plean Gnímh Náisiúnta i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta 2003-05 agus sa tionscnamh speisialta um dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil in Dul Chun Cinn a Choinneáil:

- Céatadán na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí móra litearthachta a laghdú go dtí a leath faoi 2006.



- Céatadán na n-aosach idir 16 agus 64 bliain d'aois a bhfuil leibhéil shrianta litearthachta acu a laghdú go leibhéil idir 10% agus 20% faoi 2007.
- A chinntiú go n-ardaíonn rátaí rannpháirtíochta maidir le críochnú an oideachais dara leibhéal uasta nó a chomhionann go 90% faoi 2006.

Cuireadh €460m ar fáil in 2003 do chlár a bhí dírithe go sonrach ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

An Coiste um Míbhuntáiste Oideachasúil

Is éard atá sa Choiste um Míbhuntáiste Oideachasúil ná comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh i mí an Mhárta 2002 faoin *Acht Oideachais, 1998*.

D'iarr an tAire ar an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna do mhíbhuntáiste a fheidhmíonn an Roinn, d'fhonn an comhtháthú is fearr a chinntiú. Fuarthas an tIonad Taighde Oideachais chun tacaíocht taighde a chur ar fáil don athbhreithniú. Chuir an Coiste páipéar - "A More Integrated and Effective Delivery of School-based Educational Inclusion Measures" - faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2003.

In 2003, d'fhoilsigh an Coiste dhá aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Aire, eadhon *Identifying Disadvantage for the Purpose of Targeting Resources and other supports*; agus *Teacher Supply and Staffing in Disadvantaged Settings*.

Neamhláithreacht agus Luathfhágáil Scoile

Bhunaigh an *tAcht Oideachais (Leas) 2000* an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) mar an t-aon chomhlacht náisiúnta a bheadh freagrach as

tinreamh scoile. Foráilann an tAcht do chreat cuimsitheach a chothaíonn tinreamh rialta scoile agus dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le neamhláithreacht agus luathfhágáil scoile.

Lainseáladh an NEWB go hoifigiúil i mí na Nollag 2003. Tá an Bord ag forbairt seirbhís náisiúnta a mbíonn teacht ag scoileanna, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile a mbíonn baint acu le leas daoine óga uirthi. Tá Oifigigh Leasa Oideachais á bhfostú ar fud na tíre chun tacaíocht a thabhairt do thinreamh rialta scoile agus chun seirbhís fhócasaithe leasa a chur ar fáil.

I measc an dul chun cinn a rinneadh in 2003 bhí:

- Foireann ceann-oifige agus 53 comhalta foirne leas oideachais a cheapadh
- Foirne réigiúnacha a bhunú i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge
- Foireann leas oideachais a fhostú i gceantar a shainítear faoi chlár an Rialtais um Revitalising Areas by Planning, Investment and Development (RAPID)
- Grúpa Cur i nGníomh Scoile a bhunú chun comhairle a chur ar an mBord faoi nithe a bhaineann le scoileanna.

€6.1m an caiteachas a bhí ann in 2003.

Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí trí Dhul i ngleic le Míbhuntáiste

Is é an cuspóir atá leis an gClár 'Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí' ná aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna ar leith. Aithníodh scoileanna rannpháirteacha le bheith mar chuid den Chlár bunaithe ar shuirbhé a rinne an

tlonad Taighde Oideachais – an suirbhé ba chuimsithí riamh a rinneadh faoi mhíbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna.

Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí trí Dhul i nGleic le Mhíbhuntáiste

Líon Scoileanna Rannpháirteach	Líon post	Caiteachas 2003
2345	208 post múinteoireachta 79 Comhordaitheoir Tuaithe	€17.48m

An Clár Críochnúcháin Scoile (SCP)

Lainseáladh an Clár Críochnúcháin Scoile in 2002. Tá an Clár sin bunaithe ar chur chuige comhtháite trasphobail chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus bíonn baint ag bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, tuismitheoirí, pobail agus gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus deonacha leis. Is é an cuspóir a bhaineann leis ná raon idirghabhálacha a chur ar fáil i réimse an mhíbhuntáiste a thacaíonn le daoine óga a choinneáil san oideachas.

An Clár Críochnúcháin Scoile (SCP)

Líon Scoileanna Rannpháirteach	Líon post	Caiteachas 2003
288 bunscoil	1 Comhordaitheoir Náisiúnta	€19.5m
112 iar-bhunscoil	4 Comhordaitheoir Náisiúnta Cúnta	
	82 Comhordaitheoir Áitiúil	

Scéim Chaidrimh um Baile, um Scoil agus um Chomhphobal (HSCL)

Is straitéis choisctheach í an scéim HSCL do scoileanna atá bunaithe ar chomhpháirtíocht agus

comhoibriú a chothú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus pobail ar mhaithe le leas oideachasúil na leanaí. Tá an scéim bunaithe ag an leibhéal scoile áitiúil agus comhordaitheoir lánaimseartha ag freastal ar riachtanais chaidrimh scoile amháin nó roinnt scoileanna i scoilcheantar amháin nó in dhá scoilcheantar. Tugann ‘grúpaí teaghlach’ de chomhordaitheoirí i scoilcheantair sa chéad nó dara leibhéal tacaíocht do na teaghlach a bhfuil leanaí acu sa réimse idir blianta réamhscoile go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta.

Thug an tlonad Taighde Oideachais athbhreithniú ar an Scéim Chaidrimh um Baile um Scoil agus um Chomhphobal chun críche thar ceann na Roinne i mí an Aibreáin 2003. Mhol an t-athbhreithniú go dtabharfaí tosaíocht níos mó do litearthacht agus d’uimhríocht i scéimeanna na Roinne a bhaineann le míbhuntáiste. Tá an Roinn, i gcomhar le Comhordaitheoir Náisiúnta HSCL, ag déanamh scrúdú ar na moltaí agus ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn san athbhreithniú.

Scéim Chaidrimh um Baile, um Scoil agus um Chomhphobal (HSCL)

Líon Scoileanna Rannpháirteach	Líon post	Caiteachas
279 bunscoil	172 Comhordaitheoir	€6.9m
194 iar-bhunscoil	193 Comhordaitheoir	€8.7m

Bearta Litearthachta

Is cur chuige réamhghníomhach é an Beart Luath-Litearthachta chun teacht roimh dheacrachtaí litearthachta. San áireamh sa chlár bhí na nithe seo a leanas:

An Clár Aisghabhála Léitheoireachta

Tá úsáid phíolótach á baint as múnla dianleigheasacháin Aisghabhála Léitheoireachta in 28 scoil (tuaithe) i Muineachán agus i 13 scoil uirbeach i mBaile Atha Cliath. Tá cur i ngníomh an chlár dianleigheasacháin sin i mbunscoileanna atá



faoi mhíbhuntáiste mór dírithe ar chaighdeán léitheoireachta a mhéadú agus uasteorainneacha gnóthachtála a aithint agus ar an gcaoi sin cuidiú le caighdeán a leagan síos don am amach romhainn.

Tionscadal na gCampáí Samhraidh

I rith laethanta saoire an tsamhraidh in 2003, ghlac leanaí idir 7 agus 11 bhliain d'aois as ocht gceantar déag atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na tíre páirt i gCampáí Samhraidh Litearthachta coicise. Leagann an tionscadal sin béim ar spraoifhoghlaim trí ealaín, drámaíocht, ceol agus rince ach cuirtear spriocanna foghlama a bhaineann le scileanna léitheoireachta, litearthachta agus smaointeoireachta san áireamh ann freisin.

Straitéis Litearthachta Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Cothaíonn Straitéis Litearthachta Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh cur chuige scoile iomláine i leith fhorbairt na litearthachta sa tSraith Shóisearach. Glacadh an cur chuige sin de bhun taighde a léirigh gur féidir le cur chuige den chineál sin tionchar dearfach a imirt ar chaighdeán litearthachta i scoileanna ina mbíonn líon ard daltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Laistigh den straitéis, tugtar ar scoileanna plean forbartha litearthachta a chur i bhfeidhm a chlúdóidh idirghabhálacha gearrthréimhseacha le daltaí ar leith agus a chothóidh cultúr léitheoireachta ar fud na scoile. Déanfaidh Tionscadail Taighde i 10 scoil éifeachtacht an chuir chuige scoile iomláine sin a thomhas.

Sonraí faoi Litearthacht agus Uimhríocht

I mí na Bealtaine 2003, rinne an tIonad Taighde Oideachais suirbhé thar ceann na Roinne chun caighdeán bhunlíne litearthachta a chur ar fáil, den chéad uair riamh, i scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. Rinneadh Tástáil Léitheoireachta Abairtí Dhroim Conrach ar 6,000 dalta i ranganna a haon, a trí agus a sé i sampla ionadaíoch náisiúnta de 94 scoil atá ainmnithe mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste. Cuirfidh an staidéar sonraí bunlíne agus slata tomhais ar fáil ar féidir an fheidhmíocht sna blianta amach anseo a chur i gcomparáid leo.

Tugadh bailiú sonraí do shuirbhé PISA (clár OECD do mheasúnú daltaí idirnáisiúnta) a rinneadh ar dhaltai 15 bliana d'aois chun críche in earrach na bliana 2003. Sa chéim sin de PISA bhí an mhatamaitic ina mórfhearann agus bhí léitheoireacht, litearthacht agus eolaíocht agus fadhbréiteach ina mionfhearainn. Beidh tuairiscí náisiúnta agus idirnáisiúnta ó shuirbhé PISA ar fáil ag deireadh 2004.

Cosc ar Mhí-Úsáid Substaintí

Tá mí-úsáid drugaí ina fadhb mhór do go leor teaghlach, scoileanna agus pobal gach lá. Tá an phráinn a bhaineann le dul i ngleic leis an gceist sin aitheanta ag an Rialtas trí fhoilsiú *Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008: Tógáil ar Thaití*. Tá ceithre aidhm ar leithligh ag an straitéis – Laghdú Soláthair, Cosc, Cóireáil agus Taighde – agus tabharfaidh Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí aghaidh orthu sin. Áirítear ar an straitéis freisin sraith gníomhartha a bheidh le cur i bhfeidhm ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit. Ina measc siúd tá an ceanglas go mbeadh beartas um mí-úsáid substaintí i bhfeidhm ag gach scoil.

Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí

Bunaíodh 14 Tascfhórsa Áitiúla ar Dhrugaí (TAD) sna ceantair sin ba mhó a bhí ag fulaingt de bharr mí-úsáid drugaí, go háirithe i gceantair ina raibh héaróin in úsáid go forleathan. Déantar na ceantair sin a aithint bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- Sonraí faoi chóireáil drugaí ó na seirbhísí sláinte (go háirithe sonraí a bhaineann le spleáchas ar chodlaidínigh)
- Staidreamh coiriúlachta an Gharda Síochána
- Sonraí a bhaineann le tinreamh scoile / daoine a bheith ag titim amach as an gcóras scoile
- Sonraí ábhartha eile faoi leibhéil an mhíbhuntáiste shóisialta agus eacnamaíoch sa cheantar.

I mí Eanáir 2001, aistríodh maoiniú 36 tionscadal de chuid tascfhórsaí áitiúla ar dhruagaí, ar bhain téama oideachais agus coisc leo faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí, chuig an Roinn seo. Sa chéad chéim eile rinneadh maoiniú a fhaomhadh do 50 tionscadal ar bhain téama oideachais agus coisc leo.

Caitheadh thart ar €2.6 milliún ar thionscadail TAD in 2003.

I measc na bhforbairtí in 2003 bhí:

- Tugadh tosaíocht do na 14 cheantar Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i mBré mar chuid de dhualgas oibre an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais.
- Tá an Clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte éigeantach anois do gach bunskoil agus iar-bhunscoil.
- Eisíodh paimfléad dar teideal “*A parent’s guide to drugs*” in 2003 i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, mar chuid d’Fheachtas Feasachta Náisiúnta a bhí ar siúl go leanúnach.

Cuspóir 2.2

Cothóimid forbairt córas uilechuimsitheach ardchaighdeáin breisoideachais agus gairmoiliúna do dhaoine óga agus d’aoisigh, a thagann le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Maidir leis an *bPáipéar Bán um Oideachas Aosach “Learning for Life”* (2000) agus an *“Report of the Taskforce on Lifelong Learning”* (2002), is príomhfhoinsí tagartha iad d’fhorbairt sholáthar an bhreisoideachais agus an oideachais aosáigh.

Is iad príomhchuspóirí na mbeart agus na gclár a bhíonn maoinithe ag an Rialtas i réimse an bhreisoideachais agus an oideachais aosáigh ná:

- Freastal ar riachtanais daoine óga a fhágann an scoil go luath
- An dara seans ar oideachas a chur ar fáil do dhaoine nár thug a gcuid oideachais uasta dara leibhéal chun críche, agus
- Ullmhú agus oiliúint gairme a chur ar fáil do dhaoine a bhíonn ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair agus in athuair.

Coistí Gairmoideachais (VEC) is mó a chuireann na seirbhísí sin ar fáil. Déantar clár a sheachadadh go díreach i scoileanna, i gcoláistí breisoideachais, in Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach agus Youthreach agus in ionaid oideachais aosáigh, nó trí acmhainní agus seirbhísí a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla oideachas pobail. Déantar Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) a sheachadadh freisin i líon beag scoileanna dara leibhéal, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.

Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna beartais i gcomhar leis an lucht leasa ábhartha. Cuireann an Roinn agus Coistí Gairmoideachais, gníomhaireachtaí a bhíonn faoi choimirce na Roinne, cosúil leis an Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas seirbhísí

tacaíochta ar fáil go díreach, nó cuirtear ar fáil iad trí chomhlachtaí deonacha a fhaigheann maoiniú ón Roinn, cosúil leis an gCumann Náisiúnta um Oideachas Aosach (AONTAS) agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht Aosach (NALA).

Seirbhísí Oideachais Aosaigh

Litearthacht na nAosach

Chinn an International Adult Literacy Survey, a foilsíodh i 1997, gur scórail thart ar 25% de dhaoine na hÉireann ag an leibhéal is ísle (Leibhéal 1). Léirigh an suirbhé gurb iad na daoine a fhágann an scoil go luath, aosaigh a bhíonn dulta san aois agus daoine a bhíonn difhostaithe na daoine is mó a bhíonn i mbaol ó dheacrachtaí litearthachta, agus gur lú seans go mbeadh na daoine sin ag a mbíonn na scileanna is laige páirteach in oiliúint agus oideachas aosach.

Ó foilsíodh an suirbhé, tá méadú suntasach tagtha ar an maoiniú a chuireann an Roinn ar fáil do Choistí Gairmoideachais chun tacú le forbairt agus leathnú seirbhísí litearthachta aosáí ag leibhéal áitiúil. Chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht Aosach (NALA) níos mó maoiniúcháin ar fáil freisin chun tacaíocht a thabhairt do thaighde agus d'oiliúint.

Líon Mac Léinn	Caiteachas in 2003
31,579	€18m

I rith 2003, chomhoibrigh an Roinn, Coistí Gairmoideachais agus NALA le chéile chun cláir nuálacha a fhorbairt d'fhonn soláthar na seirbhísí

litearthachta a leathnú, lena n-áirítear cláir shainoiriúnaithe do ghrúpaí teaghlaigh, do daoine nach náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad, do na bodhair, don Lucht Siúil agus do dhaoine san ionad oibre.

Trí mhaoiniú a thabhairt do NALA, thug an Roinn tacaíocht freisin do riachtanais forbartha ionghairme na foirne teagaisc a mbíonn baint acu le seachadadh Sheirbhís Litearthachta Aosáí na gCoistí Gairmoideachais.

Le roinnt blianta anuas craoladh sraith teilifíse, dar teideal *READ WRITE NOW*, chun teagasc agus feacht litearthachta a chothú agus bhí lucht féachana 146,000 duine ar an meán aige. I bhfianaise aiseolas dearfach a bheith faighte, rinne an Roinn coimisiúnú ar an gceathrú sraith in 2003 agus í ag oibriú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht Aosach agus le RTÉ agus craoladh thar thréimhse 12 sheachtain í.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil freisin do "Brecadh", tionscadal a bhí bunaithe in earnáil na gcoistí gairmoideachais agus a bhí dírithe ar chainteoirí dúchais Gaeilge. Is éard a bhíonn i gceist leis ná acmhainní teagaisc agus cláir oiliúna a fhorbairt do theagascóirí litearthachta a mbíonn ceangal acu le Coistí Gairmoideachais a chlúdaíonn ceantair Ghaeltachta.

Oideachas Pobalbhunaithe

Tagraíonn oideachas pobail d'oideachas agus d'fhoghlaim, lasmuigh d'earnáil an oideachais fhoirmiúil de ghnáth, arb é an aidhm a bhíonn leis cur leis an bhfoghlaim, cuidiú leis an tsochaí agus an tsochaí sin a chumhachtú.

Cheap na Coistí Gairmoideachais cúig Éascaitheoir



Oideachas Pobail is tríocha, arna maoiniú ag an Roinn, sa tréimhse 2002/2003. Is é an ról atá acu le cuidiú le seirbhísí oideachais phobail a phleanáil, a fhorbairt agus a bhainistiú agus cúnaimh agus tacaíocht theicniúil, riaracháin agus oideachais a chur ar fáil do ghrúpaí nua agus reatha oideachas pobail.

In 2003, chuir an Roinn deontais nach mór €8m ar fáil do na Coistí Gairmoideachais chun tacú leis an gclár sin.

An Tionscnamh Comhionannais san Oideachas (EEI)

Déanann an Tionscnamh Comhionannais san Oideachas iarracht aghaidh a thabhairt ar an mibhuntaíste oideachasúil trí leithroinnt straitéiseach a dhéanamh ar mhaoiniúchán. Cuireadh tús leis an gcéad céim, a bhfuil 18 dtionscadal ann, in 2000 agus tugadh chun críche í in 2003. Thuairisc tuarascáil mheasúnúcháin gur léirigh na tionscadail go soiléir an tionchar dearfach a bhí ag na tionscadail ar an duine aonair agus ar earnáil an oideachais.

Cuireadh tús leis an dara céim, a bhfuil 10 dtionscadal ann, in 2000 agus leanfar ar aghaidh léi go dtí mí na Nollag 2006.

Cláir Bhreiseoideachais

Youthreach

Is éard is Youthreach ann ná clár do dhaoine óga atá dífhostaithe san aoisghrúpa 15 go 20 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath gan cháilíochtaí nó le droch-cháilíochtaí. Déantar é a sheachadadh in ionaid seachscoile arna gcur ar fáil ag Coistí Gairmoideachais agus ag líonra Ionaid Oiliúna Pobail. Tá sé cómhainithe ag an Roinn seo agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cúnaimh ó Chiste Sóisialach na hEorpa. Is féidir le rannpháirtithe teastas a bhaint amach trí FETAC, tríd an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus trí ábhair sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht. Chuaigh 74% de na mic léinn a chríochnaigh an clár in 2003 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breiseoideachas nó chuig breisoiliúint.

An Líon Ionad Youthreach	Líon Rannpháirtithe	Caiteachas in 2003
88	3,258	€37m

Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach

Feidhmíonn na hionaid ar an mbonn céanna le Youthreach ach ní bhíonn aon uasteorainn aoise i gceist. Chuaigh 51% de na mic léinn a chríochnaigh an clár in 2003 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breiseoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon Ionad don Lucht Siúil Sinsearach	Líon Rannpháirtithe	Caiteachas in 2003
35	1,076	€16m

An Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS)

Is clár oiliúna agus oideachais é an Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS) a thugann an dara seans do dhaoine atá dífhostaithe agus a sholáthraíonn cúrsaí suas go dtí dhá bhliain ar fhad dóibh. Is féidir le hoiliúnaithe a bhíonn ar VTOS ábhair a thógáil i gclár an Teastais Shóisearaigh nó i gclár na hArdteistiméireachta nó i modúil nó dámhachtainí a ndéanann Comhairle na nDámhachtainí Breiseoideachais agus Oiliúna teastasú orthu (FETAC).

Chuaigh 69% de na mic léinn a chríochnaigh an clár in 2003 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breiseoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon Ionad VTOS	Líon Rannpháirtithe	Caiteachas in 2003
127	5,625	€51m

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)

Is cúrsaí lánaimseartha iad na Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, a mhaireann ar feadh bliain amháin nó dhá bhliain, a sholáthraíonn oideachas ginearálta comhtháite, gairmoiliúint agus taithí oibre dóibh sin a dteastaíonn breisoiliúint uathu chun cur lena ndeiseanna chun fostaíocht a fháil. Cuirtear

teastasú ar fáil trí FETAC Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 agus cuireann coláistí leis sin freisin trí theastasú ó chomhlachtaí príobháideacha/gairmiúla i ndisciplíní áirithe.

Chuaigh 89% de na mic léinn a chríochnaigh an clár in 2003 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breisoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon Ionad a Sheachadann Cúrsaí PLC	Líon Rannpháirtithe	Caiteachas in 2003
210	28,656	€ 104.6m

Rinneadh coimisiúnú ar an Athbhreithniú Iar-Ardteistiméireachta chun scrúdú a dhéanamh ar an earnáil agus chun moltaí a dhéanamh de réir mar ba ghá faoi na hacmhainní agus na struchtúir eagraíochtúla, tacaíochta, forbartha, theicniúla agus riaracháin a éilítear i scoileanna ag a bhfuil soláthar mór Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Tugadh an tuarascáil deiridh – Tuarascáil Mclver – chun críche i mí an Aibreáin 2003.

Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI)

Soláthraíonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI) deiseanna do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun fillleadh ar an oideachas. De bharr go bhfuil béim ar sholáthar páirtaimseartha, tugann sé deis fillleadh ar oideachas agus ar oiliúint chomh maith le freagrachtaí teaghlaigh, oibre agus freagrachtaí eile a chomhlíonadh ag an am céanna. Baineann scéim teagaisc saor in aisce agus táillí laghdaithe leis.

Cuirtear 10% den soláthar faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas i leataobh chun tacú le tionscadal a mholann grúpaí oideachas pobail.

Ionaid a Sheachadann BTE1	Líon Rannpháirtithe	Caiteachas in 2003
Coistí Gairmoideachais	8,823	€13.29m
An Pobal	938	€0.93m

Seirbhísí Tacaíochta

An Tionscnamh um Threoir Aosoideachais

Forbraíodh an tseirbhís um Threoir Aosoideachais chun freastal ar riachtanais foghlaimoírí i litearthacht aosach, VTOS agus oideachas pobail. Is é an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a stiúir an tseirbhís. Tugadh maoiniú do 25 tionscadal treorach in 2003. Cuireann an tseirbhís faisnéis, comhairle agus treoir ar fáil chun cuidiú le daoine na roghanna is fearr foghlama is féidir a dhéanamh.

Líon mac léinn a bhain leas as Seirbhís Treorach	Caiteachas in 2003
20,491	€3.1m

Clár Bhreisoideachais

Cuireann an Roinn Seirbhísí Treorach/ Comhairleoireachta agus Síceolaíochta ar fáil do rannpháirtithe i gClár Youthreach agus in Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach. Baineann ionaid úsáid as an maoiniú chun tosaíocht a thabhairt do riachtanais sa réimse ó chúnamh tosaigh, treoir agus faisnéis ghairme go seirbhísí comhairleoireachta agus síceolaíochta.

Cúram Leanáí

Cuireann an Roinn maoiniú de €4.8 milliún ar fáil do Choistí Gairmoideachais chun cuidiú leis na costais chúram leanáí a bhíonn ar rannpháirtithe i gclár VTOS, Youthreach agus in Ionaid don Lucht Siúil Sinsearach.

An Chomhairle Náisiúnta Aosfhoghlama

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Aosfhoghlama i mí an Mhárta 2002 ar bhonn eatramhach go dtí go mbunófar ina comhlacht reachtúil í. Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar ról agus feidhmeanna na Comhairle ag deireadh 2003. Déanfar feidhmeanna reachtúla na Comhairle Náisiúnta Aosfhoghlama a chinneadh ach an t-athbhreithniú a bheith tugtha chun críche.

Cuspóir 2.3

Cothóimid forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga trí oideachas neamhfhoirmiúil, ag féachaint go háirithe do na riachtanais obair ógra atá ag daoine óga idir 10-21 bliain d'aois agus iad sin atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch

Tá an Roinn freagrach as creat beartais agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun seirbhísí obair óige a fhorbairt. Déileáilann na seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúil sin le forbairt shóisialta agus phearsanta daoine óga lasmuigh den oideachas foirmiúil, ach ag teacht leis ag an am céanna, agus tugtar tús áite don aoisghrúpa 10 go 21 bliain d'aois agus don óige atá faoi mhíbhuntáiste. Déantar seirbhísí a sheachadadh go príomha trí eagraíochtaí deonacha óige náisiúnta agus réigiúnacha agus trí struchtúir atáthar a fhorbairt laistigh de na Coistí Gairmoideachais.

Soláthraíonn an *tAcht um Obair Ógra, 2001* creat reachtúil do sheachadadh cláir agus seirbhísí obair óige. Faoin Acht, cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Obair don Aois Óg (NYWAC), a dhéanann ionadaíocht ar leasanna obair ógra reachtúla agus deonacha araon, comhairle ar an Aire maidir le beartas obair ógra.

An Plean Náisiúnta um Fhorbairt Obair Ógra 2003-2007

Lainseáladh an Plean, a forbraíodh i gcomhairle leis an Coiste Náisiúnta Comhairleach um Obair Ógra, in 2003. Tá ceithre sprioc leathana ag an bPlean:

- Éascaíocht a dhéanamh do rannpháirtíocht iomlán daoine óga agus daoine fásta i gcláir agus i seirbhísí obair ógra.
- Cur le hionchur obair ógra don uilechuimsitheacht shóisialta, don chomhtháthú sóisialta agus don tsaoránacht.

- Infrastruchtúr reatha a fhorbairt chun Obair Ógra a thacú agus a chomhordú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta
- Gairmiúlacht agus caighdeán san Obair Ógra a fheabhsú

€27.1 milliún an maoiniú a cuireadh ar fáil don earnáil obair ógra in 2003 ar an iomlán.

Cuspóir 2.4

Bainisteoimid freagairt na Roinne ar thionscnaimh chun sásamh a bhaint amach i leith drochúsáid leanaí i bhforais chónaithe.

Bunaíodh Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú i mí na Bealtaine 2000 mar chuid de raon beart chun aghaidh a thabhairt ar éifeacht na mí-úsáide i rith na hóige ar íospartaigh.

De bharr gur éirigh an Breitheamh Mary Laffoy as oifig agus go ndearnadh athbheithniú ina dhiaidh sin ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, níor reáchtáil Coiste Imscrúdúcháin an Choimisiúin aon éisteachtaí sa leath deireanach den bhliain 2003. Ceapadh an Breitheamh Seán Ryan ina Chathaoirleach nua ar an gCoimisiún i mí na Nollag, 2003 agus cuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin tús in athuair le héisteachtaí in 2004.

Chuir an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe, a bunaíodh go foirmiúil i mí na Nollag 2002, tús le dámhachtainí a dhéanamh le daoine a tháinig slán ó dhrochúsáid i bhforais in 2003. Bunaíodh seirbhís Origins de chuid Barnardo's seirbhís faisnéise agus idirghabhála ar fáil do dhaoine a mbíodh cónaí orthu i Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin.

Cuspóir 2.5

Cuirfid níos mó cothromais maidir le rochtain ar oideachas tríú leibhéal ar fáil, go háirithe rochtain do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste agus do mhic léinn faoi mhíchumas, trí fheabhas a chur ar spriocdhírú na dtionscnamh tacaíochta/rochtana do mhic léinn.

Soláthar Tacaíochta do Mhic Léinn

Cuireann an Roinn rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal agus ar Bhreisoideachas chun cinn agus tugann sí tacaíocht do rannpháirtíocht na mac léinn in Oideachas Tríú Leibhéal nó i mBreisoideachas. Tá ceithre scéim deontas cothabhála do mhic léinn ann, scéimeanna a chuireann cabhair airgeadais bunaithe ar thástáil acmhainní ar fáil do mhic léinn bhreisoideachais agus tríú leibhéal: trí scéim le haghaidh oideachas tríú leibhéal agus scéim amháin a bhaineann le Cúrsaí Iar-Ardeistiméireachta.

Tá caiteachas faoi na scéimeanna seo leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Scéim 2003	Líon Sealbhóirí Deontais*	Caiteachas in 2003
Deontais Ardoideachais	24,308	€79m
Scoláireachtaí VEC	6,628	€20.6m
Deontas Cothabhála d'Oiliúnaithe Tríú Leibhéal	13,401	€40m
Deontais Iar-Ardeistiméireachta	6,665	€13.2m
TOTAL	51,002	€152.8m

*Is don bhliain acadúil 2002/03 na huimhreacha seo. Níl na figiúirí iomlána don bhliain acadúil 2003/04 ar fáil go fóill.

Faoi bhearta le haghaidh uilechuimsitheacht shóisialta sa Phlean Forbartha Náisiúnta, tá soláthar do Chiste Rochtana Tríú leibhéal ina bhfuil €120 milliún ar an iomlán, thar an tréimhse 2000-2006. Is é an aidhm atá leis seo ná aghaidh a thabhairt ar an easpa ionadaíochta ó thrí spriocghrúpa:-

- Mic léinn ó chúraí faoi mhíbhuntáiste
- Mic Léinn Lánfhásta
- Mic léinn faoi mhíchumas

In 2003, cuireadh €26m ar fáil le haghaidh réimse bearta rochtana lena n-áirítear an Ráta Speisialta d'Fhorlíontas Deontais Chothabhála, agus na cláir seo a leanas a fhaigheann cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF); an Ciste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas; an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn; an Ciste Comhpháirtíochta Mílaoise. Bhí timpeall 10,000 mac léinn cáilithe le haghaidh ráta speisialta an deontais chothabhála sa bhliain acadúil 2002/03, méadú suntasach ar an bhfigiúr 3,422 ón mbliain 2001-02.



Cuireadh maoiniú rochtana ar fáil chomh maith faoi Chlár Spriocionscnamh an Údaráis um Ard-Oideachas.

Pacáiste Speisialta chun dul i ngleic le Míbhuntáiste in Oideachas Tríú Leibhéal

In 2003, tugadh faoi bhearta ar chostas €42m chun na leibhéal deontais agus critéir incháilitheachta do scéimeanna deontais chothabhála a fheabhsú. Rinneadh leathnú ar na tairisí ioncain chun incháilitheacht do dheontais a chinneadh. Rinneadh méadú 15% ar ráta caighdeánach deontais faoi Scéimeanna Deontas Cothabhála 2003. Is é sin, méadú ó €2,510 go €2,885 i gcás mac léinn atá ina gcónaí níos faide ná 15 mhíle ón gcoláiste agus méadú ó €1,004 go €1,155 i gcás mac léinn atá ina gcónaí laistigh de 15 mhíle ón gcoláiste. Rinneadh an ráta speisialta deontas cothabhála (deontas forlíontach) atá iníoctha le sealbhóirí deontais atá faoi mhíbhuntáiste a mhéadú ó €4,000 go €4,495 i gcás mac léinn atá ina gcónaí níos mó ná 15 míle ón gcoláiste (is ionann an méid seo agus uasráta pearsanta an Chúnaimh Dhífhostaíochta) agus rinneadh an ráta sin a mhéadú ó €1,600 go €1,800 i gcás mac léinn atá ina gcónaí laistigh de 15 mhíle ón gcoláiste.

Athbhreithniú ar Sholáthar Tacaíochta do Mhic Léinn

I mí Lúnasa 2003, d'fhoilsigh an Roinn athbhreithniú ar sholáthar tacaíochta do mhic léinn. Tugadh faoin athbhreithniú chun a chinntiú go mbainfí an sochar is mó ab fhéidir as na mórinfheistíochtaí a bhí á ndéanamh. Cuireadh béim ar na riachtanais seo a leanas san athbhreithniú:

- Cur i bhfeidhm córas a bheadh níos cothromasaf le tástáil maoinne a dhéanamh
- Athmhúnlú ar chórais reatha riaracháin chun comhsheasmhacht agus rochtain níos fearr do chliant a chinntiú
- Bunú scéim aonair aontaithe mar a shainnítear faoin gClár Comhaontaithe Rialtais.

An Oifig Náisiúnta um Chomhionannas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal (NAO)

Ceann de phríomh-mholtaí an Ghrúpa Gníomhartha um Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal ná go bhfuil comhlacht amháin comhordaithe riachtanach chun rochtain ar oideachas tríú leibhéal a fheabhsú. Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Chomhionannas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal i mí Lúnasa 2003 agus tá sé ag feidhmiú ó mhí Feabhra, 2004. Is iad dualgais oibre na hOifige Náisiúnta ná rochtain uilechuimsitheach agus chothromasach ar ardoideachas a éascú do ghrúpaí nach raibh ionadaíocht chóir acu go dtí seo sa chóras ardoideachais agus rannpháirtíocht fheabhsaithe ag mic léinn ó chúirí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mic léinn faoi mhíchumas agus mic léinn aibí 'dara seans' a chur chun cinn.

Cuireann an Oifig Náisiúnta bearta rochtana, bearta a bhíodh á láimhseáil ag an Roinn roimhe seo, i bhfeidhm anois, is iad sin: an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, an Ciste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas agus an Ciste Comhpháirtíochta Mílaoise dóibh siúd atá faoi Mhíbhuntáiste.

Cuspóir 2.6

Cuirfimid cothroime inscní chun cinn i seirbhísí, gníomhartha, cláir agus bearta do pháistí agus do dhaoine fásta ag gach leibhéal den oideachas.

Déanann Aonad aonfheidhme Comhionannais, a bunaíodh sa Roinn i mí an Mheithimh 2001, comhordú agus monatóireacht ar an bpróiseas a bhaineann le príomhshruthú a dhéanamh ar pheirspictíocht inscne i ngach réimse den chóras oideachais. Foilsíodh roinnt foilseachán i rith 2003 lena n-áirítear *Scoileanna agus an tAcht um Stádas Comhionann*, arna chomhfhóilsiú leis an Údarás Comhionannais.

Oiliúint

Is gné an-tábhachtach í an oiliúint chun feasacht maidir le comhionannas inscne a mhéadú. Ní mór do lucht déanta beartas agus soláthróirí oideachais a bheith ar an eolas maidir le ceisteanna a bhaineann le forthorthaí comhionanna do chách a chinntiú. I measc na hoiliúna a bhí ar bun in 2003 bhí:

- Oiliúint bainistíochta oideachais i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Dún na nGall le haghaidh 68 múinteoir mná
- Oiliúint um fheasacht inscne d'Fhoireann Thionscadal Tionscnaimh an Chríochnúcháin Scoile de chuid na Roinne

Fócas

Soláthar do Chiontóirí Óga



Tá an dualgas ar an Roinn seo seirbhísí cónaitheacha a sholáthar do pháistí faoi 16 bliana d'aois a ndearna cúirt iad a chiontú nó a chur ar athchur. Tá cúig scoil do chiontóirí óga faoi choimirce na Roinne a chuireann seirbhísí dá leithéid ar fáil – Scoil Theach na Trionóide, Ionad Leanaí agus Déagóirí Fhionnghlaise, Ionad Buachaillí Oberstown, Ionad Cailíní Oberstown (na hionaid seo ar fad lonnaithe i mBaile Átha Cliath) agus Scoil Naomh Seosamh, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann.

Tá na scoileanna á rialú faoi théarmaí *Acht na Leanaí* 1908 go 1989. Beidh *Acht na Leanaí, 2001* i bhfeidhm in ionad na nAchtanna sin nuair a thiocfaidh feidhm le forálacha an Achta nua sin. Tá na scoileanna á mbainistiú ag Stiúrthóirí agus ag Boird Bhainistíochta. Bunaíodh Bord Bainistíochta Naomh Seosamh i gCluain Meala in 2002, bord a lean forálacha *Acht na Leanaí, 2001*. Ceapadh Boird Bhainistíochta do na trí scoil in Lusca (Scoil Theach na Trionóide, Ionad Buachaillí Oberstown agus Ionad Cailíní Oberstown) agus ceapadh Boird Bhainistíochta ar leithligh d'Ionad Leanaí agus Déagóirí Fhionnghlaise i 1997.

Ba é toilleadh oibriúcháin na gcúig scoil in 2003 ná 128, 113 áit do bhuachaillí agus 15 do chailíní. Athraíonn an toilleadh oibriúcháin am ar bith ag brath ar réimse fachtóirí éagsúla, cosúil le hobair athchóirithe agus athdhéisithe, tine, ceisteanna sábháilteachta agus slándála agus cleachtais reatha cúram leanaí.

Tá na curaclaim agus na siollabais atá á dtairiscint sna scoileanna ag teacht go ginearálta leo siúd atá i bhfeidhm i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Is é an aidhm ghinearálta eispéireas dearfach den oideachas a chur ar fáil. Déantar measúnacht

chuimsitheach oideachais ar gach dalta ar iontráil na scoile dóibh agus déantar clár oideachais a leagan amach do gach dalta acu sin. Bíonn fadhbanna litearthachta agus uimhríochta ag go leor de na daltaí sna scoileanna seo agus déantar clár a dhearadh do gach dalta ar bhonn a c(h)uid riachtanas agus cumas. Bíonn gnéithe éagsúla i gceist leis na cláir oideachais seo idir dhiantacaíocht foghlama sa litearthacht agus san uimhríocht, agus raon leathan ábhar acadúil agus praiticiúil ar féidir staidéar a dhéanamh orthu go dtí Leibhéal Scrúdaithe an Stáit.

Acht na Leanaí, 2001

Soláthraíonn *Acht na Leanaí, 2001* creat reachtúil d'fhorbairt ar an gcóras ceartais d'ógánaigh san am atá amach romhainn. Tá an fhreagracht as an Acht a chur i ngníomh, agus cuirfear i bhfeidhm ar bhonn céimnithe é, ar an Roinn seo, chomh maith leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá cur i ngníomh an Achta á mhaoirseacht ag an Oifig Náisiúnta Leanaí.

Forálann an Acht do réimse idirghabhálacha atá le déanamh go luath agus do roghanna neamhchoinneála do pháistí atá i gcoimhlint leis an dlí nó a bhfuil riachtanais dháiríre cúraim acu. Leagann an tAcht síos an prionsabal gurb é an dídean deiridh é go ndéanfaí pianbhreith choinneála a ghearradh. Tá an Roinn seo freagrach as Cuid 10 den Acht a fhorálann do bhunú Scoileanna Coinneála Leanaí in ionad na scoileanna ceartúcháin nó scoileanna saothair a bhí ann go dtí seo.

Bunaíodh an Bord um Sheirbhísí Cónaithe Speisialta

ar bhonn reachtúil i mí na Samhna 2003, de bhun *Acht na Leanaí, 2001*. Is iad na feidhmeanna atá aige ná comhairle beartas a chur ar fáil ar athchur agus ar choinneáil leanaí agus soláthar éifeachtach, éifeachtúlach agus comhordaithe seirbhísí do leanaí a chinntiú i gcás leanaí a bhfuil orduithe coinneála leanaí nó orduithe cúram speisialta déanta dóibh. Chun ceapadh an Bhoird um Sheirbhísí Cónaithe Speisialta a éascú, cuireadh tús i bpáirt *le halt 159 (1) d'Acht na Leanaí, 2001*, chun go bhféadfaí ionadaithe ó na Scoileanna Coinneála Leanaí a bheith ina mbaill den Bhord.

Ceist thábhachtach don Roinn seo ná sainiú a dhéanamh ar an líon cuí áiteanna cónaitheacha atá ag teastáil faoi na socrúithe nua seo. Rinneadh coimisiúnú ar shaineolaí idirnáisiúnta neamhspleách ar chúram cónaitheach chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chónaitheacha do Scoileanna Coinneála Leanaí chun a chinntiú go bhfuil go leor áiteanna ar fáil don am atá amach romhainn agus go bhfuil na háiteanna sin oiriúnach.

Athfhorbairt ar na scoileanna do chiontóirí óga

Tá mórfhlean forbartha caipitil á chur i ngníomh ag an Roinn sna scoileanna do chiontóirí óga chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais a eascróidh faoi *Acht na Leanaí, 2001*, chomh maith

lena chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin nua-aimseartha um chúram leanaí de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. I measc cuid de na mórfhorbairtí a cuireadh i gcrích in 2003 bhí:

- Forbraíodh aonad slán fíorspeisialaithe, a chosain circa €4.7 milliún, mar fhreagairt dhíreach ar cheanglais *Acht na Leanaí, 2001*. Is aonad é a chuireann dian-idirghabháil agus tacaíocht ar fáil do thart ar 6 dhuine óga a léiríonn iompar fiordhúshlánach.
- Tabhaíodh caiteachas beagnach €1.6 milliún idir 2001 agus 2003 i Scoil Theach na Trionóide chun uasghrádú riachtanach sláinte agus sábháilteachta, obair athchóirithe agus feabhsúcháin ar shlándáil a dhéanamh.
- Rinneadh athchóiriú agus uasghrádú ar áiseanna in Ionad Leanaí agus Déagóirí Fhionnghlaise agus ba é an toradh a bhí air sin ná go ndearnadh aonaid ar leithligh tithíochta den áis seo. Chosain an tionscadal seo circa €5 mhilliún i rith na tréimhse 2001 go dtí 2003.
- Rinneadh athchóiriú ar aonaid chónaitheacha agus oideachais Ionad Cailíní agus Ionad Buachaillí Oberstown araon agus bhí breis agus €0.5 milliún i gceist leis an bhforbairt sin i rith na tréimhse 2001 go 2003.

Príomhfhorbairtí in 2003

Spríoc Ardleibhéil Cur le Rathúnas Eacnamaíoch

Cuirfimid le rathúnas, forbairt agus iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann ó thaobh an gheilleagair de.



Cuspóir 3.1

Cabhróimid leis an gcaoi a dtéann an earnáil tríú leibhéal chun sochair d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i gcomhthéacs riachtanas atá ag athrú i gcónaí agus eagróimid soláthar foireann oibre cháilithe agus oilte chun tacú le hiomaíochas agus le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann.

Is comhpháirteanna fíor-riachtanacha den rathúnas eacnamaíoch iad an t-oideachas agus an oiliúint. Tá impleachtaí ríthábhachtacha ag baint le luas na n-athruithe, agus an ghluaiseacht i dtreo geilleagar eolasbhunaithe, ar ár gcórais oideachais agus oiliúna. Is gné riachtanach dár bhforbairt sa toadhcháil go n-éireoidh linn an t-aistriú sin go geilleagar eolasbhunaithe a chur i gcrích. Tá an Roinn i mbun dlúth-idircheangail leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir leis an earnáil tríú leibhéal. Chomh maith leis sin, tugaimid tacaíocht d'institiúidí eile tríú leibhéal, a bhfuil cúnaimh stáit á fháil acu, chun réimse cúrsaí, lena n-áirítear oiliúint phrintíseachta agus oiliúint múinteoirí a chur ar fáil.

Is gnéithe fíorthábhachtacha iad an taighde agus an nuálaíocht chun ár n-iomaíochas eacnamaíoch a bhaint amach agus a chothú agus chun ár rathúnas buan a chinntiú. I rith 2003, lean an Roinn uirthi le clár gníomhaíochtaí a bhí fócasaithe go sonrach ar thacú leis an gculpóir sin.

Athbhreithniú ar Ardoideachas in Éirinn

Ceann de príomhchuspóirí straitéiseacha na hÉireann, atá dírithe ar gheilleagar agus ar fhorbairt shóisialta na tíre a chur chun cinn agus ár n-iomaíochas a chothú, ná an chéad áit a thabhairt dár n-ardoideachas san OECD i dtéarmaí feabhais agus leibhéal rannpháirtíochta araon.

In 2003, thug an Roinn cuireadh don OECD athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar ardoideachas in Éirinn chun straitéis a leagan amach don earnáil don toadhcháil. Déanfaidh athbhreithniú an OECD meastóireacht ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le hearnáil an ardoideachais in Éirinn maidir leis na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach di a chomhlíonadh. Déanfar é seo faoi threoir feidhmíocht chomparáideach i dtíortha OECD eile agus déanfar moltaí a thabhairt maidir le dul chun cinn a dhéanamh san am atá amach romhainn.

Riachtanais Scileanna a Shásamh - Printíseacht

Clúdaíonn an Córas Printíseachta Caighdeánbhunaithe 26 réimse ceirdeanna ainmnithe agus tá sé comhdhéanta de cheithre mhodúl a bhfuil modúl d'oilíúint ar an láthair oibre i gceist leo agus trí mhodúl a bhfuil oilíúint theicniúil fhoirmiúil i gceist leo a dhéantar in ionad oiliúna de chuid FÁS, in Institiúid Teicneolaíochta nó i gcoláiste Choiste Gairmoideachais faoi leith.

Is é líon iomlán na n-áiteanna oiliúna san earnáil oideachais ná timpeall 10,400. Mar fhreagairt ar an suas agus anuas san éileamh ar cheirdeanna faoi leith, méadaíodh ar an soláthar i gceirdeanna cosúil le hobair bhríci, pluiméireacht agus siúinéireacht/adhmadóireacht agus laghdaíodh ar an soláthar i gceirdeanna cosúil le huirliseoireacht agus cumadh miotail.

Reáchtáladh cúrsa samhraidh amháin in 2003 sa réimse a bhaineann le tílíú urlár/ballaí in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Rinneadh breis agus €600m a leithdháileadh i leith institiúidí tríú leibhéal faoin gclár seo le haghaidh an taighde. Caitheadh timpeall €270m (Cistí stáit agus cistí príobháideacha daonnachtúla) ó 1998 go dtí deireadh 2003 agus maoiníonn an t-airgead sin infrastructúr caipitil agus cláir taighde araon.

Cuireadh maoiniú ar fáil do 33 ionad taighde san iomlán, ionaid a bhaineann le réimse leathan disciplíní taighde. Go dtí seo, rinneadh maoiniú ar thart ar 800 taighdeoir, 540 taighdeoir iarchéime agus 272 taighdeoir iardhochtúireachta tríd an PRTL. Chomh maith leis sin, bunaíodh thart ar 40 clár/tionscnamh nua idir-institiúideach.

Comhairle na hÉireann um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht

Bunaíodh Comhairle na hÉireann um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht chun feabhas taighde a chur chun cinn i dtí dhisciplín, eadhon, an eolaíocht, an innealtóireacht agus an teicneolaíocht. In 2003, rinne an Chomhairle maoiniú ar 400 scoláireacht iarchéime agus chosain sé sin €5.9m.

Comhairle na hÉireann um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta

Bunaíodh Comhairle na hÉireann um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta chun feabhas a spreagadh sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta agus deiseanna agus beartais taighde a fhorbairt d'fhonn an taighde a chur chun cinn. In 2003, rinne an Chomhairle maoiniú ar 500 scoláireacht iarchéime agus chosain sé sin €6.2m.

Tacaíocht do Chláir Thaighde

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL)

Soláthraíonn an clár seo, atá á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas, tacaíocht airgeadais lánpháirtithe do na straitéisí, na cláir agus an t-infrastructúr taighde institiúideach. Cuid dhílis den Chlár ná poist taighde iarchéime agus iardhochtúireachta a sholáthar. Bunaíodh an Clár chun

- cur chuige níos straitéisí ag leibhéal institiúideach a chumasú maidir le láidreachtaí institiúideacha agus bunchumais sa taighde a mhaoiniú,
- pleanáil agus ord tosaíochta institiúideach níos soiléire a spreagadh agus
- comhoibriú agus idirdhisciplíneacht idir-institiúideach níos daingne a chur chun cinn laistigh den chóras tríú leibhéal

Cuspóir 3.2

Cinnteoimid go mbeidh an deis ag daltaí i ngach scoil litearthacht ríomhaireachta a bhaint amach, chomh maith leis na scileanna riachtanacha le bheith rannpháirteach sa tSochaí Faisnéise.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) san Oideachas

I 1998, chuir an Roinn tús leis an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) i gClár na Scoileanna leis an gclár trí bliana – *Schools IT 2000*. Ina dhiaidh sin idir 2001-2003 cuireadh tús leis an gclár *Blueprint for the Future of ICT in Education*.

I rith 2003, lean an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) ag cur tacaíochta ar fáil d'ICT in Oideachas sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna. Rinne an NCTE coimisiún ar thuarascáil faoi dhul chun cinn ar ICT i scoileanna na hÉireann ó 1998-2002. Léirigh an tuarascáil sin, *Schools for the Digital Age*, an fhaisnéis seo a leanas:

- Mhéadaigh líon na ríomhairí sna scoileanna ó 36,000 go dtí 85,000.
- Thit an meánchóimheas dalta/ríomhaire ó 37:1 go 11.8:1 sna bunscoileanna, agus ó 16:1 go 9.4:1 in iar-bhunscoileanna, agus ó 9:1 go 4:1 i scoileanna speisialta.
- Cuireadh rochtain Idirlín ar fáil i ngach scoil.
- Bhain breis agus 34,000 múinteoir úsáid as clár oiliúna ICT.
- Tá mórchuid na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna ag úsáid ICT ar bhonn rialta i réimse leathan ábhar.

D'fhostaigh an Roinn sainchomhairleoirí chun comhairle a chur ar fáil maidir le straitéis inmharthana chostéifeachtúil chun ceangail Idirlín leathanbhanda a chur ar fáil do scoileanna. Bhí comhráite ar bun ar feadh cúpla mí ina dhiaidh sin idir an Roinn seo, an Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha agus lucht Tionscail. Comhaontaíodh ar chomhchiste Tionscail/Stáit €18 milliún a bhunú chun maoiniú a dhéanamh ar chónascacht leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach bunscoil agus meánscoil ar fud na tíre in imeacht thréimhse trí bliana. Cuirfidh an lucht tionscail €15m den chiste ar fáil agus cuirfidh an rialtas €3m ar fáil.

Cuspóir 3.3

Cabhróimid le forbairt an oideachais in Éirinn trí chomhoibriú agus cinnteoireacht san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go déthaobhach agus trí rannpháirtíocht i gclár agus i dtionscnaimh i réimsí an oideachais, na heolaíochta agus na hoiliúna a ndéanann an tAontas Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile cúnaimh a thabhairt dóibh.

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

Cuireadh tús leis na hullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle Airí an AE sa dara leath de 2003. Cuireadh acmhainní ranga ar fáil agus d'fhéadfaí teacht orthu trí láithreán gréasáin Scoilnet (www.scoilnet.ie/eupresidency). Chuir na hacmhainní sin faisnéis agus ábhair chothrom le dáta ar an Aontas Eorpach, le fócas faoi leith ar Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, ar fáil do scoileanna. Chomh maith leis sin, bhí gach dalta bunscoile agus iar-bhunscoile rannpháirteach i roghnú lógó Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, trína rogha lógó féin a chlárú ar líne.

Gnóthaí an AE Idirnáisiúnta

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an AE maidir le saincheisteanna oideachais agus maidir le réimsí éagsúla den chlár Socrates a chur i bhfeidhm. Is clár oideachais de chuid an Aontais Eorpaigh é Socrates, clár a thacaíonn le comhoibriú ar réimse tionscadail oideachais, tionscnaimh oideachais agus forbairt phearsanta. Déanann an Roinn comhordú ar an mbaint atá ag Éirinn le hIonad na hEorpa um Fhorbairt ar Ghairmoiliúint (Cedefop). Oibríonn an Roinn freisin leis an OECD, le Comhairle na hEorpa agus le UNESCO. I rith 2003, reáchtáil Éire cruinniú idir Príomhfheidhmeannaigh Oideachais an OECD i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

I rith 2003, ghlac Airí Oideachais na hEorpa le conclúidí ar thagairmharcanna Eorpacha san oideachas agus san oiliúint. Chomh maith leis sin, d'aontaigh Airí ar Chlár Ríomhfhoghlama don Eoraip; bunú cláir, ar a dtabharfar Erasmus Mundus, chun caighdeán a mhéadú san ardoideachas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn trí chomhoibriú le tíortha an tríú snáithe.

Ba í Éire a bhí ina hUachtarán ar na Scoileanna Eorpacha in 2003 agus bhí mórchomhdháil ar siúl i gCo. an Chláir chun an ócáid a cheiliúradh.

Próiseas Bologna

Is é an aidhm atá ag dearbhú Bologna agus ag ráiteas Phrág ná córas níos comhoibríthí agus níos comhordaithe ardoideachais a fhorbairt san Eoraip. Is comhpháirteanna tábhachtacha iad cur chun cinn na soghluaiseachta agus bunú córais chreidmheasa san Eoraip sa ghluaiseacht i dtreo measúnú trédhearcach cáilíochta agus meicníochtaí um dhearbhu cáilíochta. Cuireann ráiteas Phrág béim ar thábhacht na gcóras um dhearbhu cáilíochta chun comparáid idir cáilíochtaí ar fud an domhain a éascú. Déantar an comhoibriú sin a mhéadú agus a éascú trí ghníomhaireachtaí ar nós an Ghréasáin Idirnáisiúnta um Ghníomhaireachtaí Dearbhaithe Cáilíochta san Ardoideachas.

Ag cruinniú i mBeirlín i Meán Fómhair 2003, cruinniú a ndearna an tAire Oideachais agus Eolaíochta freastal air, rinne Airí a bhfuil freagrachtaí orthu as an ardoideachas an cinneadh staidéir dhochtúireachta a chur san áireamh i bPróiseas Bologna agus mhéadaigh sé sin líon na dtimthriallta go 3 cinn.

Chomh maith leis sin, rinne Airí an cinneadh struchtúr nua tacaíochta a chur ar bun roimh a gcéad chruinniú eile in Bergen in 2005. De bharr go raibh Éire le bheith ina hUachtarán, rinneadh ball d'Éirinn de Bhord Ghrúpa Iarobre Bologna.

Sheol Éire a Creat Náisiúnta Cáilíochtaí féin in 2003 faoi scáth Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

Leanúint leis an gComhoibriú Idirnáisiúnta

Tá an Roinn ag leanúint lena cuid iarrachtaí forbairt a dhéanamh ar naisc dhéthaobhacha straitéiseacha ar réimsí faoi leith de bheartais agus de chleachtais oideachais. Áirítear orthu sin comhráite leanúnacha le Roinn Oideachais na Stát Aontaithe i réimse na riachtanas speisialta oideachais agus idircheangal rialta leis an Roinn Oideachais agus Fostaíochta sa Ríocht Aontaithe, go háirithe maidir le comhaitheantas do cháilíochtaí, go déthaobhach agus i gcomhthéacs níos leithne an AE araon.

In 2003, d'éisigh Éire agus Meicsiceo comhráiteas ag aontú i bprionsabal ar athnuachan an Mheabhráin Tuisceana ar Chomhoibriú Oideachais. Reáchtáladh an dara Seimineár do Shaineolaithe Mheicsiceo/na hÉireann, páirt thábhachtach den Mheamram Tuisceana, sa Roinn.

Chomh maith leis sin, síníodh dhá Mheamram Tuisceana ar Chomhoibriú san Oideachas idir an Roinn, an Aireacht Oideachais, an Tuirc agus an dara hAireacht Oideachais, an tSile.

Cuireadh tús i rith na bliana le malartú Comhaltachtaí na hÉireann / na Malaeisia. D'éascair sé sin ó Mheamram Tuisceana ar Chomhoibriú san Oideachas idir an dá thír.

Cuspóir 3.4

Cabhróimid le hiomaíochas idirnáisiúnta a chothú trí gheilleagar ceannródaíoch faisnéisbhunaithe a fhorbairt in Éirinn.

Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais

Braitheann iomaíochas agus rathúnas na hÉireann san am atá amach romhainn ar chumas na soláthróirí oideachais freagairt go pras agus go solúbtha do riachtanais scileanna an gheilleagair. Bunaíodh an Grúpa Saineolais ar Riachtanais Scileanna san Am atá Amach Romhainn, atá ag

feidhmiú faoi scáth Forfás, i 1997. Is é an dualgas atá ar an ngrúpa ná straitéisí náisiúnta a fhorbairt chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le riachtanais scileanna, meastachán ar riachtanais daonchumhachta, agus oideachas agus oiliúint le haghaidh gnó.

Chuir an Grúpa Saineolais ceithre mhórtuarascáil le chéile go dtí seo, mar aon le dhá thuarascáil aoncheiste, ar Riachtanais Scileanna an Ríomhghnó agus ar Oiliúint Inchuideachta. Seoladh Ceathrú Tuarascáil an Ghrúpa i mí Dheireadh Fómhair 2003. Fócasáíonn sé sin ar ICT, foirgníocht, biteicneolaíocht, próiseáil bia, loighistic, innealtóireacht agus scileanna airgeadais. Déanann sé iniúchadh chomh maith ar

an tábhacht a bhaineann le scileanna boga le haghaidh rathúnas eagraíochtúil agus cuireann sé forbheathnú ar an margadh oibre ar fáil freisin.

Leanadh ar aghaidh ag cur na moltaí ó thuarascálacha eile roimhe sin i bhfeidhm. Bhí ciste aonfheidhme scileanna €2.5m ar fáil in 2003. Cuireadh áiteanna breise sna teiripí sláinte ar fáil trí chúrsaí nua a chur ar bun sa Teiripe Shaothair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus san Fhisiteiripe in Ollscoil Luimnigh. Cuireadh áiteanna nua ar fáil chomh maith san Fhisiteiripe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

FÓCAS

Eolaíocht sna Scoileanna



Réamhrá

Braitheann todhchaí eacnamaíoch na hÉireann ar sholáthar líon méadaitheach daoine atá cáilithe i réimse na heolaíochta agus na hinnealtóireachta. Chun an laghdú ar an spéis sna heolaíochtaí tríd síos sa chóras oideachais a chúlú, mhol an Tascfhórsa ar na hEolaíochtaí Fisiciúla straitéis ilghnéitheach bunaithe ar na réimsí seo a leanas:

- Pleanáil agus Acmhainní le haghaidh na nEolaíochtaí sna Scoileanna
- Cothromaíocht ó thaobh Rochtana
- Teagasc agus Foghlaim na hEolaíochta
- Curaclam agus Measúnú Scoile
- Cur chun cinn na hEolaíochta agus Gairmeacha
- Oideachas san Eolaíocht ag Tríú Leibhéal

Ó shin, chuir an Roinn roinnt tionscnamh ar bun chun an t-oideachas san eolaíocht a fhorbairt chun na riachtanais a bhaineann le sochaí theicneolaíoch, sochaí atá ag forbairt de shíor, a shásamh, agus chun forbairt na litearachta san eolaíocht a fhorbairt i measc an phobail mhóir.

Forbairtí Curaclaim

Cuireadh an curaclam athbhreithnithe eolaíochta i bhfeidhm sna bunscoileanna ar fad i Meán Fómhair 2003, chun a chinntiú go mbeadh buneolas maith ar na heolaíochtaí ag daltaí agus iad ag tosú sna meánscoileanna.

Ag an am céanna, cuireadh siollabas nua eolaíochta ar bun ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Tugadh

é seo isteach ar bhonn roghnach lena scrúdú den chéad uair in 2006. Bhí bunú an tsiollabais sin ar cheann de na moltaí a rinne an Tascfhórsa ar na hEolaíochtaí Fisiciúla. Tá níos mó béime sa siollabas athbhreithnithe ar obair phraiticiúil do na daltaí agus cuireann sé cur chuige níos imscrúdaithe maidir le teagasc agus foghlaim na heolaíochta chun cinn. D'ainneoin roinnt deacrachtaí ag an tús, d'éirigh go maith leis an siollabas athbhreithnithe sna scoileanna agus tá thart ar 90% de scoileanna a chuireann an siollabas athbhreithnithe ar fáil.

I gcás na hArdeistiméireachta, tá an Roinn tar éis siollabais leasaithe a thabhairt isteach san fhisic, sa cheimic agus sa bhitheolaíocht le ceithre bliana anuas. Chomh maith leis an ábhar nua cothrom le dáta atá i gceist iontu, cuireann na siollabais sin níos mó béime ar obair phraiticiúil na ndaltaí agus ar an idirbhealach idir an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an tsochaí. Is é atá i gceist leis na hathruithe sin ná béim a chur ar thábhacht na n-ábhar sin i saol laethúil na ndaltaí féin. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ina cuid oibre ar athbhreithniú ar an dá ábhar eile, Eolaíocht Talmhaíochta agus Fisic agus Ceimic (le chéile).

Forbairt Ghairmiúil ar Mhúinteoirí

Tá clár forbartha ionghairme ceithre bliana do mhúinteoirí, clár a ndearna foireann ina raibh 16 oiliúnóir é a sholáthar, ag tacú le bunú gach siollabais athbhreithnithe. San iomlán, tugadh an deis do thart ar 1,000 múinteoir ceimice agus 900 múinteoir fisice leas a bhaint as an gclár sin. Rinneadh ábhair agus acmhainní múinteoireachta a sholáthar mar chuid den chlár sin.

Bunaíodh Seirbhís Tacaíochta um Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta in 2001 agus bhí 12 oiliúin ar fhoireann na seirbhíse sin. Tugadh an deis do thart ar 1,700 múinteoir bitheolaíochta freastal ar 7 lá ar a laghad san iomlán d'oiliúint inseirbhíse in imeacht na dtí bliana atá thart. Faoi mar a rinneadh i gcás na seirbhíse tacaíochta um fhisic agus ceimic, cuireadh réimse ábhar agus acmhainní ar fáil do mhúinteoirí.

Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta um Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh i mí Mheán Fómhair. Tá an fhoireann, ina bhfuil deich mball, ag cur tacaíochta ar fáil do thart ar 3000 múinteoir eolaíochta de chuid an teastais shóisearaigh.

Ag leibhéal na mbunscoileanna, lean an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (PCSP) ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do bhunú an churaclaim athbheithnithe eolaíochta. Ó Mheán Fómhair, bhí tacaíocht á cur ar fáil ag dháréag *Cuiditheoir* réigiúnbhunaithe, go háirithe tacaíocht a bhaineann le teagasc na heolaíochta do mhúinteoirí ina gceantar féin. Cuireann obair na *gCuiditheoirí* leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil cheana féin do mhúinteoirí trí laethanta seimineáir inseirbhíse náisiúnta.

Acmhainní Fisciúla

Chomh maith le forbairt ghairmiúil na múinteoirí, tá deontais do threalamh á gcur ar fáil chomh maith. Cuireann siad sin leis an deontas breise per capita do gach dalta a bhfuil na heolaíochtaí fisiciúla á staidéar acu ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

D'fhéadfadh iar-bhunscoileanna, a bhfuil an siollabas athbheithnithe á chur ar fáil acu, iarratas a dhéanamh ar dheontais €3,500 do gach saotharlann a bheadh á húsáid don teastas sóisearach.

D'fhéadfadh scoileanna, a bhfuil riachtanais bhreise sainaitheanta acu bunaithe ar an liosta ionchomharthach acmhainní, iarratas a dhéanamh ar dheontas níos mó. Ar an meán, fuair scoileanna breis agus €18,000 san iomlán an ceann faoin scéim sin. Sainaitníodh líon beag scoileanna a raibh cóiríocht saotharlainne nach raibh sásúil iontu. Tá tosaíocht tugtha do riachtanais foirgníochta na scoileanna sin.

Ag leibhéal na bunscoile, fuair scoileanna deontais chun tacú le teagasc na heolaíochta. Fuair gach bunscoil deontas €6.30 do gach dalta, agus fuair scoileanna níos lú íosmhéid €378.

Rátaí Rannpháirtíochta san Eolaíocht

Cé nach bhfuil an eolaíocht riachtanach mar ábhar ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, tá líon na ndaltaí, a raibh an eolaíocht mar ábhar acu, ard le fada an lá agus ba 89% den chohórt a rinne staidéar ar an eolaíocht i rith na scoilbhliana 2002/2003. Ag leibhéal na hArdteistiméireachta, bíonn na rátaí rannpháirtíochta sa bhitheolaíocht ard de ghnáth, ag thart ar 50%. Mar sin féin, shroich rátaí rannpháirtíochta san fhisic agus sa cheimic a mbuaic ag 20% i lár na n-ochtóidí agus tháinig laghdú orthu de réir a chéile ansin sna cúig bliana déag ina dhiaidh sin. Ó tugadh isteach na siollabais athbheithnithe sna hábhair sin, cuireadh deireadh leis an laghdú agus léirítear méaduithe ar na rátaí rannpháirtíochta sa dá ábhar le trí bliana anuas.

Cur Chun Cinn na hEolaíochta

Chuir an Roinn leis an bhforbairt ar an gclár Discover Science and Engineering, clár atá á bhainistiú ag Forfás thar ceann na hOifige Eolaíochta agus Teicneolaíochta sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá ionadaíocht ag an Roinn ar Ghrúpa Stiúrtha an chlár chomh maith. Tugann an clár, a cuireadh ar bun mar fhreagairt dhíreach ar cheann de mholtaí an Tascfhórsa ar na hEolaíochtaí Fisiciúla, roinnt gníomhaíochtaí poiblíochta, a bhfuil baint acu leis an eolaíocht, le chéile. Is é an aidhm atá leis an gclár sin ná na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt chun feachtas feasachta níos comhleánúnaí a chruthú.

Príomhfhorbairtí in 2003

Spríoc Ardleibhéil Caighdeán agus Cáilíocht a Fheabhsú



Beidh sé mar aidhm againn feabhas a chur ar chaighdeán agus cáilíocht an oideachais agus dea-chleachtas a chur chun cinn i seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus ionaid eile oideachais.

Cuspóir 4.1

Oibreimid i dtreo cáilíocht an tsoláthair oideachais a fheabhsú trí chigireacht, meastóireacht agus planáil rialta a dhéanamh.

Le blianta fada anuas, tháinig forbairt ar ár gcórais agus ar ár bpróisis inmheánacha agus sheachtracha monatóireachta agus meastóireachta agus déantar iarracht trí na córais agus na próisis sin, trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe a bhaint amach. In 2003, ba é an aidhm a bhí le gníomhaíochtaí na Roinne i gcónaí ná oibriú chun caighdeán oideachais a chothú agus a fheabhsú d'fhonn muinín a spreagadh i measc daltaí, fostaithe agus lucht leasa eile oideachais, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá ról lárnach ag an Roinn i gcaighdeán a chur chun cinn; trí bheith mar cheann feadhna maidir le hiarrachtaí a dhéanamh gach deis a thapú chun cáilíocht eispéireas oideachais na ndaltaí a fheabhsú.

Is é an ról atá ag Cigireacht na Roinne ná meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras oideachais, comhairle a chur orthu sin sa chóras oideachais agus cur le forbairt beartas. Tá meastóireacht sheachtrach na Cigireachta ar obair na scoileanna agus na múinteoirí leagtha amach chun dea-chleachtas i

scoileanna a dhearbhu, chun feabhas leanúnach agus féin-athbhreithniú a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus chun faisnéis ar fud an chórais maidir le feidhmíocht na scoileanna a sholáthar.

Cigireachtaí a cuireadh i gcrích i scoileanna

	Tuarascálacha Aonair Scoile (Tuairiscí Scoile)	Cigireachtaí ar ábhair	Tuarascálacha Promhaidh
Bunscoil-eanna	419		2900 (thar 2 bhliain)
Iar-Bunscoil-eanna		389*	

* Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, tugadh faoi 389 Iniúchadh Ábhair agus eisíodh an líon céanna tuarascálacha chuig ranna na n-ábhar sin i scoileanna aonair agus bhí breis 1100 múinteoir i gceist leis sin.

Rinneadh cigireachtaí ar 19 múinteoir Éireannacha i Scoileanna Eorpacha agus rinneadh cigireacht ar 89 Coláiste aonair Samhraidh agus cuireadh tuarascálacha le chéile ar na cigireachtaí sin.

I rith 2003, áirítear ar na meastóireachtaí a rinne an Chigireacht ar ghnéithe faoi leith den chóras oideachais:

- Soláthar do dhaltaí le Sain-Neamhord Teanga agus Urlabhra
- Soláthar do pháistí a bhfuil Uathachas orthu
- Cur i bhfeidhm churaclam bunscoile 1999 (céim 1)

Foilseacháin a tháinig amach in 2003:

Ainm na Cáipéise	Mionsonraí
Looking at Our School	Áis chabhrach don fhéinmheastóireacht i mbunscoileanna.
Looking at Our School	Áis chabhrach don fhéinmheastóireacht i scoileanna iar-bhunoideachais.
Guidelines on the Assessment of Education in Places other than Recognised Schools	Arna forbairt chun tacú le hobair an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais
Traveller Pre-Schools: National Evaluation Report	Tuarascáil ilchodach náisiúnta maidir le hoideachas réamhscoile don Lucht Siúil
Guidelines for Second-Level Schools on the Implications of Section 9(c) of the Education Act (1998) relating to Students' Access to Appropriate Guidance	Chun cuidiú le scoileanna a gcuid oibleagáidí faoi Alt 9 (c) den Acht Oideachais a chomhlíonadh.

Cuspóir 4.2

Tacóimid le forbairt agus forfheidhmiú creat náisiúnta cáilíochtaí dá bhforáiltear faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint), 1999 agus le comhordú an aitheantais a thugtar do cháilíochtaí.

Cáilíochtaí, Curaclam agus Measúnú

Tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna (FETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna (HETAC) freagrach as córas aontaithe amháin a fhorbairt chun gach oideachas agus oilíúint neamhollscoile agus gach Breisoideachas agus Ardoideachas a chreidiúnú. Lainséaladh creat nua cáilíochtaí in 2003 agus cuimsíonn an creat sin réimse ón mbunoideachas / an bhunlitearthacht go leibhéal dochtúireachta.

Cuimsíonn an creat sin an fhoghlaim uile, bíodh sí á déanamh ar chúiseanna sóisialta, pearsanta, saoránachta nó eacnamaíocha/gairme. Is é an aidhm atá ann go mbeidh an creat seo ar an aon aonán amháin a mbeidh glacadh náisiúnta agus idirnáisiúnta aige trína bhféadfar gach gnóthachtáil foghlama a thomhas agus a chur i ngaol lena chéile. Is é an cuspóir atá ann deis a bheith ag daoine

rochtain a fháil ar ardleibhéal foghlama sna hearnálacha oideachais agus oilíúna uile, aistriú go dtí na hearnálacha sin agus forchéimniú go dtí na hearnálacha sin.

Cuspóir 4.3

Oibreoidimid chun tacaíocht a thabhairt don bharr feabhais i gcaighdeán an teagaisc acadúil agus na foghlama acadúla san ardoideachas.

Faoi na forálacha atá in *Acht na nOllscoileanna, 1997*, caithfidh na hollscoileanna tabhairt faoi phróiseas féinmheastóireachta mar chuid de chur chun chinn an fheabhais trí chéile. Tá freagracht ar an Údarás um Ard-Oideachas faoin Acht deimhin a dhéanamh de go bhfuil nósanna imeachta den sórt sin um dhearbhu an fheabhais i bhfeidhm sna hollscoileanna. Taobh amuigh de na hollscoileanna, tá NQAI, i gcomhar le FETAC agus HETAC, freagrach as caighdeán a leagan síos le haghaidh creidiúnú. Bunaíodh grúpa saineolais chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ról atá ag maoiniú ó thaobh tacú leis an ardchaighdeán agus chun moltaí a dhéanamh maidir le caighdeán na foghlama acadúla agus an teagaisc acadúil a chosaint agus a fheabhsú.



Cuspóir 4.4

Cuirfidimid an mhúinteoireacht chun tosaigh mar ghairm agus bunóimid Comhairle Múinteoireachta chun caighdeán na múinteoireachta a chothú agus a fheabhsú

De bharr bunú Comhairle Múinteoireachta, tabharfar neamhspleáchas gairmiúil do mhúinteoirí mar aon le cumhachtaí rialála i leith a ngairme féin.

Comhlionfaidh an Chomhairle Múinteoireachta feidhm mar atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i gcás dochtúirí. Scaipeadh Dréachtrialacháin maidir le rialú thoghchán na gcomhaltaí don Chomhairle in 2003 ar na comhlachtaí ábhartha agus cuireadh bailchríoch ar na Rialacháin in 2004.

Cuspóir 4.5

Cuideoidimid, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, le forbairt an chomhoibríthe Thuaidh/Theas agus an chomhghnímh i réimse an oideachais agus le forbairt an chomhoibríthe le Ranna ábhartha i Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus na Stáit Aontaithe.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

Faoin gcomhoibrí Thuaidh/Theas, tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ag grúpaí oibre sna réimsí seo a leanas:

■ Universities Ireland

Bunaíodh comhlacht nua don oileán uile, Universities Ireland, in 2003 chun comhar agus comhoibríú a chur chun cinn idir ollscoileanna ar oileán na hÉireann agus le clú agus cáil a bhaint amach dóibh san Eoraip agus thar sáile.

■ An Clár Thuaidh / Theas don Taighde Comhoibrítheach

In 2003, leithdháileadh os cionn €5.5 milliún ar 21 tionscadal taighde ollscoile trasteorann. Tá an Clár á chomhordú ag an Údarás um Ard-Oideachas.

■ EU Peace II Programme

Is é cuspóir Bheart 5.5 den Chlár seo maoiniú a sholáthar do thionscadail scoile agus óige trasteorann agus tá sé á fhorfheidhmiú ag an dá Roinn Oideachais le chéile. Cuirfear €5.3 milliún ar fáil don Bheart seo. Cuireadh tús le hocht dtionscadal in 2003.

■ Ionad Feabhais do pháistí a bhfuil ASD ag gabháil dóibh

Tháinig an dá Roinn Oideachais ar chomhaontú le hOrd San Lughaidh maidir leis an Ionad Oiliúna a bhíodh i gCoillidh Chanannáin, Co. Ard Mhacha a cheannach. Úsáidfeadh é chun Ionad Feabhais a bhunú i gcomhair oideachas na bpáistí a bhfuil Neamhoird Speictrim Uathachais (ASD) ag gabháil dóibh. Cuirfear comhairle agus treoir shaineolais ar fáil san áis uile-oileáin seo ar an gcleachtas is fearr sa mheasúnú a dhéantar ar pháistí agus daoine óga a bhfuil ASD ag gabháil dóibh, oiliúint múinteoirí agus gairmithe eile, tacaíocht do thuismitheoirí, agus forbairt pleananna oideachais do dhaoine aonair.

■ Acmhainní d'Uathachas agus Disléicse

Rinneadh dlúthdhioscaí agus fístéipeanna mar acmhainn faisnéise do thuismitheoirí agus múinteoirí agus dáileadh iad sin ar gach scoil in Éirinn in 2003. Cuirfear acmhainní faisnéise den chineál céanna faoin disléicse ar fáil in 2004.

Cuspóir 4.6

Pleanálfaimid do chóiríocht agus soláthróimid cóiríocht a bheidh éifeachtach ó thaobh costais agus a bheidh ina bhonn faoi sheachadadh oideachais den scoth.

An Clár um Fhoirgníocht Scoileanna

Caitheadh €326.9m ar chaiteachas caipitil bhunoideachais agus iar-bhunoideachais i rith na bliana.

Gné nua de Chlár Foirgníochta Scoileanna 2003 ba ea gur foilsíodh an clár mar aon le mionsonraí faoi na critéir a úsáideann an Roinn chun ord tosaíochta a leagan síos do na tionscadail.

Cuireadh tús le dhá thionscadal phiólótacha ar an mbunleibhéal trínar tugadh maoiniú, údarás agus freagracht do Bhoird Bhainistíochta de chuid 40 scoil i leith athchóiriú agus / nó tionscadail foirgníochta ina scoil a thabhairt i gcrích.

Cuireadh imchlúdach caipitil cúig bliana ar fáil sa ráiteas buiséid a thug an tAire Airgeadais i mí na Nollag 2003. Mar gheall ar an gcor seo, beifear in ann cur chuige ilbhliantúil a thabhairt i bhfeidhm i

leith tús a chur le tionscadail, tionsadail a phleanáil agus a thabhairt i gcrích.

Tionscadail bhunoideachais agus iar-bhunoideachais

Críochnaíodh 15 fhoirgneamh nua scoile agus bhí 12 thionscadal eile ag céimeanna éagsúla den fhoirgníocht ar an láithreán. Críochnaíodh 53 forleathnú mhóra agus / nó mórtionscadal athchóiriúcháin agus bhí 36 tionscadal eile ar siúl ar an láithreán.

Críochnaíodh dhá halla corpoideachais agus bhí an obair ag leanúint ar aghaidh ar an láithreán ar thrí thionscadal eile den sórt céanna.

Ceadáíodh 1,440 deontas do thionscadail bheaga lena n-áirítear athchóiriúcháin, forleathnuithe, oibreacha meicniúla agus leictreachais, oibreacha taobh amuigh, cóiríocht shealadach agus ceannach troscáin.

Nuachóiriú na gCaighdeán i bhfoirgnimh scoile ar an mbunleibhéal agus an dara leibhéal

Ag deireadh na bliana 2003, bhí an obair beagnach críochnaithe ar fhorbairt dearáí aicmeacha a bheadh feiliúnach do láithreáin úrnua; déanfaidh sé seo an próiseas níos éifeachtaí fós agus laghdóidh sé an méid caiteachais ón Státchiste a chaitear ar tháillí foirne dearthóireachta. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gcéad scoil in 2004 ina mbeidh úsáid á baint as an dearadh aicmeach.

Nuáil eile fós ba ea gur coimisiúnaíodh foirgneamh iar-bhunscoile a bhí réamhdhéanta ar stíl mhodúlach; tá cóiríocht den chéad scoth curtha ar fáil aige seo i gclár foirgníochta trí seachtaine déag agus é réidh in am do bhliain acadúil 2003/2004.





Cláir Leigheasacháin

Aispeist: Faoi dheireadh na bliana 2003, bhí tástáil déanta ar thuairim is 2/3 de na scoileanna agus bhí oibreacha leigheasacháin déanta in 800 scoil.

Radón: ó thaobh na scoileanna nár thug freagra ar an gcéad chuireadh a tugadh dóibh go ndéanfaí tomhas ar an méid radóin a bhí sa scoil nó nár thug na brathadóirí radóin ar ais, nil ach 565 (14%) acu nach bhfuil measúnú déanta orthu.

Eastóscadh deannaigh: Rinneadh íocaíochtaí i leith 60 tionscadal um eastóscadh deannaigh.

Caitheadh €11.5m ar chláir leigheasacháin aispeiste, radóin agus deannaigh.

Lena chois sin, bhí 8 dtionscadal ag an gcéim foirgníochta in 2003 agus bhí 25 tionscadal eile ina stad sa phleanáil ailtireachta go dtí go mbeadh toradh ar an athbhreithniú caipitil.

In earnáil an Údaráis um Ard-Oideachas agus na gColáistí Beaga, críochnaíodh 20 tionscadal caipitil san iomlán i rith 2003 lena n-áirítear 7 dtionscadal faoin gClár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Ó thaobh an 20 tionscadal a críochnaíodh i rith na bliana, tionscadail nuafhoirgníochta ba ea 11 acu agus oibreacha athchóiriúcháin agus bonneagair ba ea 9 gcinn acu. Lena chois sin, bhí ceithre thionscadal ag an gcéim foirgníochta in 2003 agus bhí 11 tionscadal eile ina stad sa phleanáil ailtireachta go dtí go mbeadh toradh ar an athbhreithniú caipitil.

Foirgníocht Tríú Leibhéal

Caitheadh €69.06m san iomlán ar champais tríú leibhéal a nuachóiriú agus a fhorbairt. Tharla stad i gcur chun cinn na dtionscadal caipitil a raibh pleanáil ailtireachta á déanamh orthu san earnáil tríú leibhéal i rith 2003. Bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe, faoin Údarás um Ard-Oideachas, leis an athbhreithniú a dhéanamh chun na héilimh uile sna hinstitiúidí uile a fhaigheann maoiniú poiblí a mheas, chun ord tosaíochta a leagan síos agus chun athsceideal a chomhaontú.

I rith 2003, in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta, críochnaíodh 19 dtionscadal caipitil; tionscadail nuafhoirgníochta ba ea 8 gcinn acu sin agus oibreacha athchóiriúcháin bonneagair ba ea 11 acu.

Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Síníodh an conradh don Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach le haghaidh an Choláiste Náisiúnta Mhuirí in 2003. Tá an coláiste á fhoirgníú i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí agus tá sé á fhorbairt i gcomhar le Focus Education Ltd. Is é €51.3 milliún luach caipitil an tionscadail.

Beidh saoráidí oiliúna san áis nua seo agus déanfar freastal leo ar riachtanais reatha Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

Príomhfhorbairtí in 2003

Spríoc Ardleibhéil Forbairt ar ár gCumas an Beart a Dhéanamh

Tacóimid le tabhairt i gcrích an oideachais trí ardchaighdeán pleanála, foirmlíú beartas agus seirbhíse do chustaiméirí.



Cuspóir 5.1

Cruthóimid cumas níos mó taobh istigh den Roinn ionas go mbeimid in ann díriú ar ár gcroí-fheidhmeanna, an phleanáil straitéiseach go mór mór.

Bhain Tuarascáil Cromien le hoibriúcháin, córais agus soláthar foirne na Roinne agus leagadh amach sa tuarascáil sin clár don leasú struchtúrach lena gcuirfí ar chumas na Roinne díriú ar a croí-fheidhmeanna, is é sin forbairt beartas agus meastóireacht ar bheartais.

Ar na nithe atá i gceist le forfheidhmiú an chláir sin tá an Coimisiún um Scrúduithe Stáit agus an Chomhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta a bhunú, agus struchtúr réigiúnach oifigí a bhunú.

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Bunaíodh an Coimisiún an 6 Márta 2003 le hordú reachtúil faoi Alt 54 den *Acht Oideachais, 1998*. Chuaigh an Coimisiún i gceann a chuid feidhmeanna ó lá a bhunaithe. Bíonn an t-uafás ag brath ar na Scrúduithe Stáit agus bíonn an-sláine ag baint leo; cuireann bunú an Choimisiúin seachadadh na Scrúduithe Stáit sa mhúnla céanna le seirbhísí eile a

bhíonn á seachadadh ag coimisiúin, e.g. cánachas agus soláthar poiblí. Tugadh an tseirbhís scrúduithe i gcrích gan deacracht in 2003. Lena chois sin, cuireadh feabhas ar an tseirbhís trí bhreis agus 105,000 béaltriail a chur ar téip, rud a thug deis d'iarthóirí, den chéad uair, an chuid sin den scrúdú a achomharc.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Bunaíodh an NCSE faoin *Ordú fán gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (Bunú), 2003*, i mí na Nollag 2003. Rinneadh an tOrdú faoi *Alt 54 den Acht Oideachais, 1998*. Faoi théarmaí an Ordaithe, caithfidh an NCSE a cuid feidhmeanna uile a chomhlíonadh faoi mhí Dheireadh Fómhair 2004.

Oifigí Réigiúnacha

Beidh oifigí réigiúnacha ina gcuid dhílis den Roinn agus beidh siad á stiúradh ag Stiúrthóireacht na Seirbhísí Réigiúnacha a bheidh lonnaithe san ardoifig. Oibreoidh na hoifigí go dlúth le soláthróirí seirbhísí eile ionas go mbeidh aon phointe teagmhála amháin ann do chustaiméirí. Tugtar cuntas sa tábla seo a leanas ar an áit a bhfuil gach ceann de na hOifigí Réigiúnacha agus ar na ceantair a dtabharfaidh siad seirbhís dóibh.

Suíomh	An Ceantar Réigiúnach a dtabharfar seirbhís dó
Corcaigh	Corcaigh, Ciarraí
Sligeach	Dún na nGall, Liatroim, Ros Comáin, Sligeach
Luimneach	An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh
Port Láirge	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman
An Nás	Cill Dara, Cill Mhantáin
An Muileann gCearr	Laois, An Longfort, Uíbh Fhailí, An Iarmhí
Tamhlacht	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin
An Uaimh	An Cabhán, Lú, An Mhí, Muineachán
Gaillimh	Gaillimh, Maigh Eo
Fionnghlas/Baile Bhlainséir	Cathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall

Cuspóir 5.2

Earcóimid, imlonnóimid agus forbróimid comhaltaí foirne, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, ionas go mbeidh ar a gcumas an cion is mó is féidir leo a dhéanamh i gcultúr dea-bhainistithe atá á thiomáint ag feidhmíocht agus i dtimpeallacht oibre atá dearfach, oscailte.

Straitéis Acmhainní Daonna

Tá straitéis acmhainní daonna na Roinne ag teacht lena cuid cuspóirí gnó. Dirítear sa straitéis ar fheabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht na foirne, le go dtiocfaidh feabhas ar ár gcumas seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí, agus ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt freisin don fhoireann ina bhforbairt gairme.

Tar éis an chláir athstruchtúrúcháin agus atheagrú na Roinne, bhí 70% de na Príomh-Oifigigh agus 47% de na Príomh-Oifigigh Chúnta nuacheaptha nó ath-implonaithe in 2003.

In 2003, d'fhostaigh an Roinn 1,234 duine i ngráid riaracháin, chigireachta, ghairmiúla, theicniúla agus tacaíochta.

Oiliúint do Chomhaltaí Foirne

In 2003, soláthraíodh breis agus 3,000 lá oiliúna do chomhaltaí foirne i réimsí mar theicneolaíocht faisnéise, oiliúint sainscileanna, forbairt phearsanta agus forbairt bainistíochta, ar chostas iomlán €1.3m, tuairim is 3% den phárolla.

Lena chois sin, tugadh isteach in 2003 scéimeanna píolótacha le haghaidh aisíoc táillí ECDL agus réamhíoc táillí le haghaidh staidéar iarchéime ar chostas iomlán €213,000.

Comhionannas Inscní

Tá an Roinn tiomanta do bheartas um chothroime inscní a fhorbairt taobh istigh den bheartas iomlán um Bainistiú Acmhainní Daonna agus laistigh de Bheartas iomlán na Státseirbhíse. Agus 36.7% de phoist na bPríomh-Oifigeach Cúnta ag mná, tá an Roinn tar éis sprioc na bliana 2006 – 33% de na poist a bheith ag mná – a shárú cheana féin. Tá 29% de phoist na bPríomh-Oifigeach ag mná.

Suíomh	Líon Comhaltaí Foirne
Baile Átha Luain	344
Baile Átha Cliath	460
Tulach Mhór	197
Eile	233
Iomlán	1234

Tábla 1: Leibhéal foirne de réir suímh

An Scéim um Chothromaíocht idir an Obair agus an Saol	Líon Comhaltaí Foirne
Postroinnt	161
Am Téarma	49
Saoire do Thuismitheoirí	74
Sos Gairme	51

Tábla 2: Roghanna um Chothromaíocht idir an Obair agus an Saol



Cuspóir 5.3

Tacóimid le bainisteoirí agus le comhaltaí foirne agus iad ag soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán go héifeachtach laistigh de chreat atá straitéiseach agus a mbaineann luach ar airgead leis.

An clár nuachóiriúcháin don earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm

D'fhoilsigh an Roinn seo a Ráiteas Straitéise 2003 – 2005 agus leag sí amach sa Ráiteas sin a cuid aidhmeanna agus cuspóirí ardleibhéil do na 3 bliana amach romhainn. Tá pleananna gnó ag teacht leis an straitéis sin.

Déantar clár brostaithe um nuachóiriú na seirbhíse poiblí a leagan amach sa chlár comhpháirtíochta sóisialta 'Dul Chun Cinn a Chothú'. Mheas an Grúpa um Fhíorú Fheidhmíocht na Státseirbhíse gur chóir na dámhachtainí pá tagairmharcála a íoc le foireann uile na heagraíochta, mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh na gealltanais sa chomhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Rinneadh an múnla Comhpháirtíochta a fhorbairt agus a chothú tuilleadh in 2003 mar gur díriodh go speisialta ar sheirbhís den scoth do chustaiméirí, cumarsáid inmheánach den scoth agus bainistiú taifead den scoth.

Rinneadh obair ullmhúcháin ar Chairt do Chustaiméirí agus Plean nua Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí (2004–2007) a chur le chéile; áirítear ar an obair ullmhúcháin sin suirbhé ar an bhfoireann d'fhonn na caighdeáin seirbhíse reatha a fháil amach.

Feabhsúcháin ar an seachadadh seirbhísí – atheagrú struchtúrach

Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2003 cuireadh bailchríoch ar chomhtháthú phárollaí na múinteoirí reatha Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, na múinteoirí ar scor agus phárollaí na riachtanas speisialta ionas go ndearnadh roinn gnó amháin díobh. De bharr na Roinne nua Párolla seo, tá cur chuige aontaithe i bhfeidhm i leith gach a mbaineann le cúrsaí párolla agus rialúchán airgeadais. Ar na feabhsúcháin eile a cuireadh ar an tseirbhís párolla bhí duillín pá leasaithe agus seirbhís biúró párolla d'airigh agus do chomhaltaí foirne rúnaíochta na scoileanna, a bhí á n-íoc go díreach ag na scoileanna féin.

Cuspóir 5.4

Soláthróimid seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise inár n-eagraíocht – seirbhísí a thacaíonn le foirmlíú beartas, meastóireacht ar bheartais agus seachadadh nua-aimseartha, éifeachtach seirbhísí dár gcliaint.

Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise a fheidhmiú, a choinneáil i gcóir, a chothú agus a fheabhsú

Coinníodh córais chroiláir Teicneolaíocht Faisnéise i gcóir ó cheann ceann na bliana agus cuireadh cianrochtain ar sheirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise ar fáil do 40 comhalta foirne.

Cuireadh uasghráduithe suntasacha i gcrích ar chórais phárolla agus phearsanra na múinteoirí.

Tionscadal Seirbhísí Idirghníomhacha Oideachais (ESI)

Is é cuspóir thionscadal na Seirbhísí Idirghníomhacha Oideachais (ESI) tairseach ghréasánbhunaithe agus sain-fheidhmchláir a fhorbairt trínar féidir seirbhísí ar líne a sholáthar do scoileanna. Is iad an Córas Éileamh ar Líne agus Bunachar Sonraí na nDaltaí Bunscoile an chéad dá fheidhmchlár a bheidh á bhforbairt.

Cuirfidh an Córas Éileamh ar Líne meicníocht ar fáil trínar féidir le scoileanna éilimh a dhéanamh ar líne maidir le huaireanta/laethanta a oibríonn fostaithe páirtaimseartha. Ginfidh na héilimh sin íocaíochtaí a rachaidh go díreach chuig an bhfostaí, ó phárollaí na Roinne.

Cuirfidh Bunachar Sonraí na nDaltaí Bunscoile saoráid ar líne ar fáil trínar féidir le bunscoileanna tuairisceán bliantúil de shonraí a bhaineann le daltaí go sonrach a chur faoi bhráid na Roinne. Beidh na sonraí sin ina mbonn eolais faoi na cinntí beartais a dhéanfar agus éascófar, dá mbarr, cur le chéile na Tuarascála Staidrimh a thagann amach go bliantúil.

Cuireadh bailchríoch ar phróiseas cuimsitheach

soláthair in 2003 chun cuideachta a roghnú a d'oibreodh leis an Roinn chun seirbhísí ESI a fhorbairt. Cuireadh tús leis an obair ar fhorbairt na tairisí agus ar an anailís don dá fheidhmchlár tosaigh.

Córas Bainistíochta Airgeadais

Cuireadh Córas nua um Bainistíocht Airgeadais i bhfeidhm in 2003. Cuireann sé córas nuashonraithe airgeadais ar fáil atá in ann bonn cuntasáíochta atá bunaithe ar fhabhrúithe a láimhseáil. Beart antábhachtach is ea tabhairt isteach an chórais nua seo agus cuirfidh sé ar chumas na Roinne líonra feabhsaithe um fhaisnéis bhainistíochta a sholáthar.

Cuspóir 5.5

Soláthróimid feidhmeanna agus tacaí éagsúla airgeadais chun bonn a chur faoi bhainistíocht fheabhsaithe airgeadais ó thaobh soláthar seirbhísí oideachais de, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i ndáil le bearta oideachasúla atá á bpáirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach, agus a thagann faoi chuimsiú an Phlean Forbartha Náisiúnta le haghaidh 2000 – 2006.

Na ceithre Vóta oideachais atá ann faoi láthair a chónascadh ionas gur aon Vóta comhdhlúite amháin a bheidh iontu.

Bunaíodh Vóta aonair amháin (Vóta 26: Oideachas agus Eolaíocht) in 2003. Mar gheall ar struchtúr an vóta aonair amháin beidh breis soiléireachta agus follasachta ann i ndáil le cláir agus gníomhaíochtaí éagsúla na Roinne ó thaobh airgeadais agus buiséad de. Dá thoradh seo beifear in ann, ar bhealach forchéimnitheach, leagan amach leasaithe a chur ar fho-mhírchinn ionas go gcaithfear le caiteachas ar bhealach clárbhunaithe nó téamabhunaithe sna hearnálacha go léir. Tá an struchtúr nua níos

éifeachtaí ó thaobh bainistíocht buiséad agus, dá bharr, níl aon seans ann go mbeidh ilmheastacháin fhorlíontacha i gceist mar a bhíodh roimhe seo nuair a bhíodh ilvótaí ann, cé go mb'fhéidir go mbeadh caiteachas foriomlán na Roinne, agus é comhiomlánaithe sna vótaí go léir, faoi bhun an leithdháilte.

Plean um Iniúchadh Inmheánach

Is é atá san iniúchadh inmheánach ná gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil a thugann dearbhú agus comhairle; tá sé ann chun luach oibríochtaí eagraíochta a mhéadú agus iad a fheabhsú. Cabhraíonn sé le heagraíocht a cuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, disciplíneach a úsáid chun éifeacht na bpróiseas um bainistíocht, rialúchán agus rialachas riosca a mheas agus a fheabhsú.

Tá an tAonad um Iniúchadh Inmheánach sa Roinn freagrach as athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht Chórais Iniúchta Inmheánaigh na Roinne. Déanann an tAonad athbhreithniú fosta ar na socruithe atá i bhfeidhm ar mhaithe le húsáid bhairinneach, éifeachtach acmhainní agus le diomailt a sheachaint.

Tá an tAonad freagrach as na socruithe iniúcháireachta san earnáil oideachais trí chéile i dtaca le cistí an AE agus cabhraíonn sé le clár rioscbhainistíochta a fhorbairt.

Déantar obair an Aonaid de réir na *Guidelines for Professional Practice of Internal Auditing*, arna n-eisiúint ag Institiúidí na nIniúcháirí Inmheánacha (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus *Government Internal Audit Standards* agus treoirlínte ábhartha ón AE maidir le hiniúcháireacht.

Bhí cuntas i dTuarascáil Deireadh Bliana don bhliain 2003 ar na meastóireachtaí iniúcháireachta aonair a rinneadh i rith na bliana.

Cuireadh bailchríoch ar ráiteas clabhsúir ar bhabhta 1994/99 de mhaoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa agus cuireadh an ráiteas faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Cuspóir 5.6

Déanfaimid dea-chleachtas caidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn ar fud na hearnála oideachais agus tabharfaimid spreagadh agus tacaíocht do nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtíochta.

Feidhmíonn an tAonad Caidreamh Foirne Seachtraí sa Roinn creat agus seirbhís caidrimh thionsclaíoch ar bhonn náisiúnta don earnáil oideachais.

Dul Chun Cinn a Chothú

Tháinig an-fheabhas ar an timpeallacht caidrimh thionsclaíoch in 2003 nuair a chuaigh comhaltaí den ASTI i mbun maoirseachta/ionadaíochta i scoileanna. Ghlac gach uile cheardchumann san earnáil oideachais leis an gcomhaontú 'Dul Chun Cinn a Chothú'. Déantar socrú sa chomhaontú sin go dtabharfar méaduithe móra pá ar son comhoibriú maidir le solúbthacht agus athrú, clár nuachóiriúcháin a chur i ngníomh go sásúil, caidreamh tionsclaíoch socair a choinneáil, agus gan aon ghníomh tionsclaíoch a bheith ann i leith aon ní a thagann faoi chuimsiú an chomhaontaithe. Íocadh an chéad chuid den mhéadú a mhol Comhlacht Tagairmharcála na Seirbhíse Poiblí ach ar daingníodh an comhaontú nua.

Scoilbhliain Chaighdeánaithe, Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí, agus Cruinnithe Foirne in 2003/2004

De réir na gceanglas atá in 'Dul Chun Cinn a Chothú', thángthas ar chomhaontú maidir le socruithe do na sosanna lár téarma, sosanna na Nollag agus na Cásca i rith scoilbhliain 2003/2004. Leanadh ar aghaidh le comhráite d'fhonn na socruithe reatha do chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a leathnú i gcaoi go laghdófaí an cur isteach a dhéantar ar am teagaisc na ndaltaí agus an cur isteach a dhéantar ar a dtuismitheoirí agus ionas go

mbeadh na cruinnithe ar siúl ag tráthanna a fheileann tuismitheoirí agus múinteoirí.

Cuspóir 5.7

Tacóimid le riarachán feabhsaithe agus le planáil chun cinn trí thograí beartais agus reachtaíochta a fhorbairt agus trí staidreamh ábhartha oideachais a bhailiú agus a anailísiú.

Ullmhú reachtaíochta

An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas

I mí Iúil 2003, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tabharfaidh an Bille sin ráthaíocht reachtúil maidir le seirbhísí oideachais do dhaoine atá faoi mhíchumas trí chreat reachtúil a sholáthar trínar féidir ráthaíocht a thabhairt, maidir le páistí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu mar gheall ar mhíchumas, go mbeidh sé de cheart ag na páistí sin agus na daoine sin oideachas a fháil agus gur ceart é sin is féidir a chur i bhfeidhm sa dlí. Leagtar amach sa Bhille seirbhísí éagsúla a chaithfear a sholáthar, lena n-áirítear measúnuithe, plananna oideachais don duine aonair agus seirbhísí tacaíochta; déantar socrú ann leis do phróiseas idirghabhála agus achomharc i gcás nach ndéantar freastal ceart ar riachtanais. Déantar socrú ann freisin do ról lárnach a bheith ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid bpáistí. Bunaítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoin mBille agus tabharfar éifeacht don Bhille, de réir mar a achtófar é, tríd an gComhairle sin.

Foilsíodh an Bille tar éis próiseas leathan comhchomhairle leis na comhpháirtithe oideachais agus le comhlachtaí saorálacha agus reachtúla a bhfuil taithí agus eolas acu ar riachtanais oideachais speisialta. Críochnaíodh an Dara Céim den Bhille i

nDáil Éireann an 28 Samhain 2003 agus táthar ag siúl go dtosófar ar Chéim an Choiste i mí Eanáir 2004.

An Bille um Choimisiún chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú (Leasú)

Is é cuspóir an Bhille seo leasuithe áirithe a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear an Coimisiún chun Drochúsáid Leanáí a Fhiosrú. Tá sé beartaithe, go háirithe, go mbeadh forálacha ann a chabhróidh le hoibríochtaí an Choimisiúin Imscrúdúcháin a bhrostú, le laghdú a dhéanamh ar an mbaol claontachta de bharr moille, agus le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfaí daoine a d'fhulaing drochúsáid a chroscheistiú ag an gCoiste Imscrúdúcháin i gcás nach mbeadh sé sin cuí. In 2003 cheadaigh an Rialtas an Bille lena dhréachtú agus bhí an obair ar théacs an Bhille ar siúl i gcomhar le hOifig Chunsailéir Parlaiminteach an Rialtais.

An Bille um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Is é cuspóir an Bhille seo stiúradh a dhéanamh ar an bhforbairt atá le déanamh i nGráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath ar champas nua-aimseartha úr d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ar shaoráidí uasghrádaithe d'Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (ERHA). Bainisteoidh an Ghníomhaireacht, atá le bunú le forálacha an Bhille, forbairt an láithreáin agus í ag feidhmiú mar ghníomhaire don ERHA, ITBÁC, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Sláinte agus Leanáí. Cheadaigh an Rialtas an Bille lena dhréachtú agus bhí obair ar siúl ar théacs an Bhille ag deireadh 2003.

Bille an Údaráis um Ard-Oideachas (Leasú)

Déanfaidh an Bille seo socrú d'aistriú mhaoiniú na n-institiúidí teicneolaíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Lena chois sin, aistrefar faoin mBille an fhreagracht as nithe áirithe oibríocháin de chuid na n-institiúidí teicneolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Clár do Dhaoine a Mheastar a Bheith Neamhshábháilte le Bheith ag Obair le Leanáí

Is é cuspóir na reachtaíochta seo meicníocht rúnda a bhunú chun go sainaithneofaí daoine a mheastar a bheith neamhshábháilte le bheith ag obair le leanáí agus daoine óga.

An Bille um Míchumas

I rith 2003, d'oirigh an Roinn leis an Roinn Sláinte agus Leanáí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Chomhionannais agus Athchóirithe Dlí chun an Bille um Míchumas ginearálta a chur chun tosaigh; déanfaidh an Bille sin, i measc rudaí eile, socrú chun go mbeidh rochtain ag daoine fásta faoi mhíchumas ar sheirbhísí oideachais.

Reachtaíocht a achtaíodh

An tOrdú fán gCoimisiún um Scrúduithe Stáit (Bunú) 2003

Bhunaigh an tOrdú seo an Coimisiún um Scrúduithe Stáit mar chomhlacht reachtúil, nach cuid den Roinn Oideachais agus Eolaíochta é, agus freagracht air as feidhmiú na Scrúduithe Stáit. Rinneadh an tOrdú tar éis don Rialtas é a cheadú agus tar éis don dá Theach den Oireachtas rún a rith ina leith.

An tOrdú fán gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (Bunú), 2003


Bhunaigh an tOrdú seo an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar chomhlacht reachtúil, nach cuid den Roinn Oideachais agus Eolaíochta é. Feidhmeanna taighde agus comhairle a bheidh aici i dtosach, ach leathnófar na feidhmeanna sin ar ball ionas go n-áireofar orthu soláthar seirbhísí, comhordú leis na boird sláinte, scaipeadh faisnéise agus monatóireacht ar an dul chun cinn oideachais a dhéanann páistí faoi mhíchumas. Rinneadh an tOrdú tar éis don Rialtas é a cheadú agus tar éis don dá Theach den Oireachtas rún a rith ina leith.

Reachtaíocht thánaisteach eile a achtaíodh in 2003:

- An tOrdú um Acht na Leanáí 2001 (Alt 159 (1)) (Tosach Feidhme) 2003
- An tOrdú Oideachais agus Eolaíochta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean)(Uimh. 2) 2003
- An tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 12) (Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann) 2003
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíochtaí agus Taithí a Aithint), 2003
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Córas Ginearálta maidir le hAitheantas a Thabhairt do Dhioplómaí Ardoideachais agus d'Oideachas agus d'Oiliúint Ghairmiúil) (Leasú), 2003.

Aguisín 1

Cairt Eagraíochtúil don Roinn



Aguisín 2

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta

22 Plás Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 6340831

An Coimisiún um Chóiríocht Scoile

Urlár 1, Bloc 4,
Ionad Irish Life,
Sráid Thalbóid,
Baile Átha Cliath 1
Tel: (01) 8787747

Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC)

East Point Plaza,
Páirc Ghnó East Point,
Baile Átha Cliath 3
Tel: (01) 8659500

An tÚdarás um Ard-Oideachas

An 3ú hUrlár,
Marine House,
Cúirt Chlann Liam,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 6612748

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)

26-27 Lána Denzille,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 6314567

Léargas – An Biúró Malartaithe

189-193 Sráid Parnell,
Baile Átha Cliath 1
Tel: (01) 8731411

An Lárionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas

1ú Urlár, 42/43 Sráid na Prúise,
Baile Átha Cliath 7
Tel: (01) 8690715

An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Glas Naíon,
Baile Átha Cliath 9
Tel: (01) 7008200

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)

24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 6617177

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Ceannáras,
Cúirt Fhreidric,
24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1
Tel: (01) 8892700

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

16-22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath 7
Tel: (01) 8738600

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An 5ú hUrlár,
Teach Jervis,
Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1
Tel: (01) 8871500

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An 5ú hUrlár,
Teach Jervis,
Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1
Tel: (01) 8871500

Dámhachtainí an Uachtaráin - Gaisce

Tithe an Stáit,
Caisleán Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 4758746

An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Bloc 5,
Páirc Oifigí, Belfield,
Bóthar Chnoc na Feá,
Cluain Seach,
Baile Átha Cliath 4
Saorfón: 1800 200086

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí
Tel: (090) 6442700

Aguisín 3

Mionsonraí Teagmhála

AN PHRÍOMH-OIFIG/RIARACHÁN

An tAonad Faisnéise Ginearálta / Cumarsáide
(01) 8892388

An tAonad um Bainistiú Athruithe / An Oifig um
Sheirbhísí do Chustaiméirí
(01) 8896690

Seirbhísí Corparáideacha agus Inmheánacha
(01) 8896400

Oifig an Aire
(01) 8892276

Oifig an Aire Stáit
(01) 8892301/8892302

Oifig an Ard-Rúnaí
(01) 8892280

Saoráil Faisnéise
(01) 8892240/8896462

An Oifig Preasa – Fiosruithe ó na Meáin
(01) 8892162/8892322

BEARTAIS AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

An tAonad um Pleanáil Lárnach (01) 8892190

Caidreamh Foirne Seachtraí (01) 8892410

An tAonad um Chomhionannas Inscní
(01) 8896458

An tAonad um Beartais Teicneolaíocht Faisnéise
agus Cumarsáide (01) 8896413

An Rannóg Idirnáisiúnta (01) 8892379

Seirbhísí Dlíthiúla (01) 8892189

Sásamh i leith Forais Chónaithe (01) 8896574

Uilechuimsitheacht Shóisialta (01) 8892382

An tAonad Staidrimh (01) 8892403

An tAonad Cistí Sruchtúracha (01) 8896581

Gnóthaí Óige (01) 8892179

SEIRBHÍSÍ COISTÍ GAIRMOIDEACHAIS AGUS SCOILE

Riarachán Iar-Bhunoideachais:

Fiosruithe Ginearálta, lena n-áirítear Boird
Bhainistíochta, Bulaíocht, Disciplín agus Rollú
(0506) 24328/24330/25411

Deontas Trealamh do Scoileanna na hArdteiste.
Feidhmí agus Chlár Gairme na hArdteiste.
(01) 8892077

Deontas Trealamh do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais
Speisialta acu
(01) 8892049

Leabhair Scoile do Dhaltaí atá ar an nGannchuid
(01) 8892360/8892291

Cláir Churaclaim Dara Leibhéal
(01) 8892038/8892041

Ionaid Oideachais Allamuigh na gCoistí
Gairmoideachais
(01) 8892360/8892291

Comórtas na Scileanna Domhanda do Phrintísigh
(01) 8892072/8892061

Riarachán na mBunscoileanna:

Fiosruithe Ginearálta, lena n-áirítear Boird
Bhainistíochta, Bulaíocht, Disciplín agus Rollú
(090) 6483721 - 6483725

Deontais e.g. Caipitíocht, Tionscnamh na Nua-
Theangacha
(090) 6483731 - 6483733

SEIRBHÍSÍ BREISOIDEACHAIS AGUS ARDOIDEACHAIS

Tacaíocht Airgeadais d'Ardoideachas agus do
Bhreisoideachas
(0506) 24381 - 24387

An Rannóg Breisoideachais

Treoir d'Aosaigh sa Bhreisoideachas
(01) 8892015

Litearthacht d'Aosaigh / Oideachas Pobail
(01) 8892076/8896431

Iar-Ardteistiméireacht (PLC)
(01) 8892428/8892432

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS)
(01) 8892069/8896477

Ardoideachas

An Rannóg Beartas, Taighde agus Eolaíochta
(01) 8892220

An Rannóg Teicneolaíochta agus Oiliúna
(01) 8892165

SEIRBHÍSÍ UM SHOLÁTHAR FOIRNE AGUS PÁROLLAÍ SCOILE

An Rannóg um Oideachas Múinteoirí
(01) 8095018

An Rannóg Párollaí:

Múinteoirí Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
(090) 6483810/6484015

Múinteoirí Ionaid Bunscoile (090) 6484146

Múinteoirí atá ar Scor (090) 6483995

Cúntóirí Riachtanais Speisialta,
Oifigigh Chléireachais, Airígh (090) 6484136

Múinteoirí Saorálacha Meánscoile
(090) 6483801/6483964

Ráiteas Tuillimh, Asbhaintí Saorálacha Párolla agus
Atheisiúint seiceanna caillte/as dáta le haghaidh:
Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile
(090) 6483707/6483710

Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanais Speisialta, Oifigigh
Chléireachais, Airígh atá ar Scor
(090) 6484141

Pinsin:

Múinteoirí Bunscoile (090) 6483993

Múinteoirí Dara Leibhéal (090) 6483994

Coistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta,
Coláistí Oideachais (090) 6483658

Seirbhísí Pearsanra na Múinteoirí Iar- Bhunoideachais:

Beartas Pearsanra
(090) 6483813/6484018/6484091/6484092

Leithdháiltí
(090) 6483828/6483829/6483965/6483966

Cáilíochtaí (An Earnáil Phobail, Chuimsitheach agus
na Coistí Gairmoideachais)
(090) 6483808/6483832

Clárúchán (Múinteoirí Dara Leibhéal)
(090) 6483825/6483826

Rúnaíocht na Comhairle Clárúcháin
(090) 6483822/6483823/6483824

Seirbhísí Pearsanra na Múinteoirí Bunscoile:

Ceapacháin, Pearsanra, Coinníollacha Seirbhíse
(090) 6483600

Cáilíochtaí – Scrúdú SCG
(090) 6483732/6483735

Clárúchán agus Promhadh
(090) 6483739/6483740

RIACHTANAIS SPEISIALTA / UILECHUIMSITHEACHT SHOISIALTA

Scoileanna Coinneála do Pháistí
(090) 6483769/6483770

Daltaí Bunscoile faoi Mhíbhuntáiste
(090) 6483774/6483775

Tionscnaimh um Luathfhágáil Scoile
(090) 6483764

Scoileanna Speisialta Ardtacaíochta agus Tionscadail
Chomhchaidrimh don Óige
(090) 6483765

Leithdháiltí um Thacaíocht Foghlama agus Daltaí
Riachtanais Speisialta (Bunscoileanna); Scoileanna
Speisialta
(090) 6483754/6483756/6483759

Córas Iompair Scoile
(0506) 24351/24353

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

An tAonad um Fhoirgníocht Scoileanna
(0506) 21363

An tAonad um Pleanáil Scoileanna
(0506) 21363

An tAonad um Fhoirgníocht Tríú Leibhéal
(0506) 24407

Airgeadas na nAonad Foirgníochta

Íocaíochtaí Iar-Bhunoideachais (0506) 24343

Íocaíochtaí Bunoideachais (0506) 24318

Íocaíochtaí Tríú Leibhéal (0506) 24344

OIFIGÍ NA CIGIREACHTA

Corcaigh

Áras Irish Life, 1a An Meal Theas, Corcaigh
(021) 4906011

Baile Átha Cliath

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 (01)
8896553

Gaillimh

An 3ú hUirlár, Teach Rosa, Bóthar na gCeannaithe,
Gaillimh (091) 568922

Luimneach

Bóthar Rossbrien, Punches Cross, Limerick
(061) 430004

Sligeach

Kempton Promenade, Sráid an Droichid, Sligeach
(071) 9143218

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA NA ROINNE

Stiúrthóireacht na nOifigí Réigiúnacha
(01) 8896442/8896594

Corcaigh

Páirc Ghnó Heritage, Bóthar Bessboro,
Machain, Corcaigh
(021) 4536304

Luimneach

Bóthar Rossbrien, Punches Cross, Luimneach
(061) 430003

An Muileann gCearr

Bóthar Friar's Mill, An Muileann gCearr, Co. na
hIarmhí
(044) 37000

An Nás

The Maudlins, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Nás, Co.
Chill Dara (045) 848500

An Uaimh

7 Sráid Trimgate, An Uaimh, Co. na Mí (046)
9067410

Sligeach

Kempton Promenade, Sráid an Droichid, Sligeach
(071) 9135700

Tamhlacht

Áras an Chontae, Cearnóg Belgard Thuaidh, Cearnóg
an Bhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
(01) 4635506

Port Láirge

Páirc Ghnó Johnstown, Johnstown, Port Láirge